**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0169/2021**

21.5.2021

# TUARASCÁIL

ar staid na sláinte agus na gceart gnéis agus atáirgthe in AE, faoi chuimsiú shláinte na mban
(2020/2215(INI))

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Rapóirtéir: Predrag Fred Matić

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..............................................................................................27
SEASAMH MIONLAIGH ............................................................................................32
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT.................................................................33
FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................42
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH .....................................43

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar staid na sláinte agus na gceart gnéis agus atáirgthe in AE, faoi chuimsiú shláinte na mban**
**(2020/2215(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

– ag féachaint d'Airteagail 5, 6 agus 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Chomhdháil Idirnáisiúnta 1994 maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) a tionóladh i gCaireo, dá Clár Gníomhaíochta agus do thorthaí a comhdhálacha athbhreithnithe,

– ag féachaint do Ráiteas Nairobi maidir le ICPD25 an 1 Samhain 2019 dar teideal *Accelerating the Promise* [Dlús a chur leis an nGeall] agus do na gealltanais agus na gníomhaíochtaí comhoibríocha náisiúnta agus comhpháirtíochta a fógraíodh ag Cruinniú Mullaigh Nairobi,

– ag féachaint d'Ardán Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta agus do thorthaí a chomhdhálacha athbhreithnithe,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2016, agus go háirithe do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) 3, 5 agus 16 agus na táscairí gaolmhara,

– ag féachaint do hAtlais Frithghiniúna 2017, 2018, 2019 agus 2020, a rangaíonn rochtain ar fhrithghiniúint san Eoraip gheografach agus a léiríonn neamhionannais ar fud na mór-roinne agus nach dtugtar aird den chuid is mó ar an ngá le frithghiniúint i gcodanna áirithe den Eoraip, ar gá é nár comhlíonadh,

– ag féachaint do an Coinbhinsiún maidir le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh na mban a dhíothú (CEDAW) an 18 Nollaig 1979, agus Moltaí Ginearálta Uimh. 21 (1994), Uimh. 24 (1999), Uimh. 28 (2010), Uimh. 33 (2015) agus Uimh. 35 (2017) a ghabhann leis,

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl'),

– ag féachaint d'Airteagal 6 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CRPD) an 3 Bealtaine 2008,

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 25 Samhain 2020 dar teideal *EU Gender Action Plan (GAP) III: an ambitious agenda for gender equality and women's empowerment in EU external action*, [Plean Gníomhaíochta Inscne AE (GAP) III: clár oibre uaillmhianach don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais] (JOIN(2020)0017),

– ag féachaint dá rún an 26 Samhain 2020 maidir leis an gcosc *de facto* ar an gceart chun

ginmhillte sa Pholainn[1],

– ag féachaint do chinneadh Choiste CEDAW an 28 Feabhra 2020 sa chás S.F.M. v. an Spáinn,

– ag féachaint don tuarascáil ó Choiste Chomhairle na hEorpa um Chomhionannas agus Neamh-Idirdhealú an 25 Meán Fómhair 2017 maidir le cearta daoine idirghnéasacha a chur chun cinn agus idirdhealú ina gcoinne a dhíothú,

– ag féachaint don tuarascáil ó Choiste Chomhairle na hEorpa um Chomhionannas agus Neamh-Idirdhealú an 2 Aibreán 2015 maidir le hidirdhealú i gcoinne daoine trasinscneacha san Eoraip,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025] (COM(2020)0152),

– ag féachaint dá rún an 14 Feabhra 2019 maidir le cearta daoine idirghnéasacha[2],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014[3],

– ag féachaint do thuarascáil ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne an 22 Samhain 2019 dar teideal *Beijing +25: the fifth review of the implementation of the Beijing Platform for Action in the EU Member States* [Béising + 25: an cúigiú hathbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising i mBallstáit an Aontais],

– ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta ón Oifig Réigiúnach don Eoraip den Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) maidir le Sláinte Ghnéis agus Atáirgthe: *Towards achieving the 2030 Agenda for Sustainable Development in Europe – leaving no one behind* [I dtreo Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe san Eoraip a bhaint amach] — gan aon duine a fhágáil ar lár, ag a bhfuil trí chuspóir idirnasctha go dlúth: 'Gach duine a chumasú chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoina sláinte gnéis agus atáirgthe agus a áirithiú go ndéantar a gcearta daonna a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh', 'A chinntiú gur féidir le gach duine an caighdeán is fearr is féidir a bhaint as sláinte agus folláine gnéis agus atáirgthe', agus 'Rochtain uilíoch ar shláinte gnéis agus atáirgthe a ráthú agus deireadh a chur le neamhionannais',

– ag féachaint don Líonra Eorpach de chuid Chónaidhm Idirnáisiúnta na Tuismíocht Phleanáilte (IPPF EN) agus tuarascáil ón Lárionad Cónaidhme um Oideachas Sláinte (BZgA) dar teideal *Sexuality Education in Europe and Central Asia: State of the Art and Recent Developments* [Oideachas Gnéasachta san Eoraip agus san Áise Láir: Staid na teicníochta agus forbairtí le déanaí],

– ag féachaint do Shuirbhé Comhpháirtíochta IPPF EN: Reachtaíocht Ghinmhillte agus a Cur Chun Feidhme san Eoraip agus san Áise Láir,

– ag féachaint don staidéar dar teideal *The gendered impact of the COVID-19 crisis and post-crisis* [Tionchar inscne-shonrach ghéarchéim agus iar-ghéarchéim COVID-19],

[1] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0336.

[2] IO C 449, 23.12.2020, lch. 142.

[3] IO L 107, 26.3.2021, lch. 1.

arna fhoilsiú ag an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an 30 Meán Fómhair 2020[4],

– ag féachaint don fhaisnéisiú beartais ó Mhná na Náisiún Aontaithe an 9 Aibreán 2020 dar teideal *The Impact of COVID-19 on Women* [Tionchar COVID-19 ar Mhná],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2020 dar teideal *COVID-19 and Human Rights: We are all in this together* [COVID-19 agus Cearta an duine: Is ionann an cás dúinn ar fad],

– ag féachaint do thuarascáil Chiste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal (UNFPA) an 27 Aibreán 2020 dar teideal *Impact of the COVID-19 Pandemic on Family Planning and Ending Gender-based Violence, Female Genital Mutilation and Child Marriage* [Tionchar Phaindéim COVID-19 ar Phleanáil Teaghlaigh agus deireadh a chur le Foréigean Inscne, Ciorrú Ball Giniúna Ban, agus Pósadh Leanaí],

– ag féachaint don ráiteas ó UNFPA an 28 Aibreán 2020 dar teideal *Millions more cases of violence, child marriage, female genital mutilation, unintended pregnancy expected due to the COVID-19 pandemic* [Milliúin níos mó cásanna foréigin, de phósadh leanaí, de chiorrú ball giniúna ban, de thoircheas neamhbheartaithe a bhfuiltear ag dréim leo mar gheall ar phaindéim COVID-19],

– ag féachaint don fhaisnéisiú beartais Eorpach um Stocaireacht na mBan dar teideal *Women must not pay the price for COVID-19!* [Caithfidh mná gan an praghas a íoc as COVID-19!],

– ag féachaint don staidéar a rinne an tOllamh Sabine Oertelt-Prigione dar teideal *The impact of sex and gender in the COVID-19 pandemic* [Tionchar gnéis agus inscne ar phaindéim COVID-19], a foilsíodh an 27 Bealtaine 2020,

– ag féachaint do threoir EDS dar teideal *Safe abortion: technical and policy guidance for health systems* [Ginmhilleadh sábháilte: treoir theicniúil agus threoir bheartais do chórais sláinte],

– ag féachaint do straitéis EDS dar teideal *'Global strategy to accelerate the elimination of cervical cancer as a public health problem'* [Straitéis Dhomhanda chun dlús a chur le díothú ailse cheirbheacs mar fhadhb sláinte phoiblí],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Samhain 2020 ar thionchar bhearta COVID-19 ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha[5],

– ag féachaint d'Fhóram Parlaiminteach na hEorpa maidir le Cearta Gnéis agus Atáirgthe (EPF) agus do thuarascáil chomhpháirteach IPPF EN an 22 Aibreán 2020 dar teideal *Sexual and Reproductive Health and Rights during the COVID-19 pandemic* [Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe le linn phaindéim COVID-19],

– ag féachaint d'Airteagal 12 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha,

– ag féachaint do bharúil ghinearálta Uimh. 22 ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha an 2 Bealtaine 2016 maidir leis an

---

[4] Staidéar – *The gendered impact of the COVID-19 crisis and post-crisis* [Tionchar inscne-shonrach ghéarchéim agus iar-ghéarchéim COVID-19], Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais C – Cearta na Saoránach agus Gnóthaí Bunreachtúla, 30 Meán Fómhair 2020.

[5] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0307.

gceart chun sláinte gnéis agus atáirgthe,

– ag féachaint d’Airteagail 2, 7, 17 agus 26 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla,

– ag féachaint do bharúil ghinearálta Uimh. 36 ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an 30 Deireadh Fómhair 2018 maidir le hAirteagal 6 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, ar an gceart chun na beatha,

– ag féachaint don tuarascáil eatramhach ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe an 3 Lúnasa 2011 maidir leis an gceart atá ag gach duine an caighdeán sláinte coirp agus meabhrach is airde is féidir a theachtadh,

– ag féachaint don tuarascáil ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe an 4 Aibreán 2016 maidir leis an gceart atá ag gach duine an caighdeán sláinte coirp agus meabhrach is airde is féidir a theachtadh,

– ag féachaint do na tuarascálacha ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe um Fhoréigean in aghaidh Ban, a Chúiseanna agus a Iarmhairtí, lena n-áirítear tuarascáil an 11 Iúil 2019 maidir le cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i leith drochíde agus foréigean in aghaidh ban i seirbhísí sláinte atáirgthe ina ndírítear ar bhreith clainne agus ar fhoréigean cnáimhseach,

– ag féachaint do ráiteas 2015 ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir le neamhurramú agus mí-úsáid le linn breith clainne a chosc agus a dhíothú,

– ag féachaint don tuarascáil ó Choiste Chomhairle na hEorpa um Chomhionannas agus Neamh-Idirdhealú an 16 Meán Fómhair 2019 maidir le foréigean cnáimhseach agus gínéiceolaíoch,

– ag féachaint do Threoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena ndéantar prionsabal na córa comhionainne idir mná agus fir a chur chun feidhme maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí[6],

– ag féachaint don tuarascáil ó Mheitheal na Náisiún Aontaithe an 8 Aibreán 2016 maidir le hidirdhealú in aghaidh ban sa dlí agus sa chleachtas, a tíolacadh ag an 32ú seisiún den Chomhairle um Chearta an Duine i mí an Mheithimh 2016,

– ag féachaint do Roinn II den Tuarascáil ó Mheitheal na Náisiún Aontaithe an 14 Bealtaine 2018 maidir le hidirdhealú in aghaidh ban sa dlí agus sa chleachtas,

– ag féachaint do Roinn III den Tuarascáil ó Mheitheal na Náisiún Aontaithe an 8 Aibreán 2016 maidir le hidirdhealú in aghaidh ban sa dlí agus sa chleachtas,

– ag féachaint don Tuarascáil ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe an 10 Eanáir 2019 maidir le staid chosantóirí chearta an duine,

– ag féachaint do Threoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm[7],

– ag féachaint do Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine[8],

---

[6] IO L 373, 21.12.2004, lch. 37.

[7] IO L 88, 4.4.2011, lch. 45.

[8] IO L 311, 28.11.2001, lch. 67.

– ag féachaint don Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach an 19 Samhain 2018 dar teideal *The New European Consensus on Development: Our World, Our Dignity, Our Future* [An Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt: Ár nDomhan, Ár nDínit, Ár dTodhchaí], ina n-athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith aige nó aici ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach maidir leis na hábhair sin,

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Samhain 2019 maidir le coiriúlú gnéasoideachais sa Pholainn[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Feabhra 2019 maidir le frithfhreagairt i gcoinne chearta na mban agus an chomhionannais inscne in AE[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Feabhra 2017 maidir le comhionannas inscne sa mheabhairshláinte agus sa taighde cliniciúil a chur chun cinn[11],

– ag féachaint don Chomhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne (2011-2020), a ghlac an Chomhairle an 7 Márta 2011,

– ag féachaint don Mholadh ón gComhairle an 2 Nollaig 2003 maidir le scagthástáil ailse[12],

– ag féachaint do na treoirlínte Eorpacha maidir le dearbhú cáilíochta i scagthástáil ailse cheirbheacs an 7 Bealtaine 2008 agus do na treoirlínte Eorpacha maidir le dearbhú cáilíochta i scagthástáil agus diagnóis ailse cíche an 12 Aibreán 2006,

– ag féachaint don pháipéar eisiúna ó Choimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, Nollaig 2017, maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe na mban san Eoraip,

– ag féachaint do Straitéis 2017-2021 EDS maidir le sláinte agus folláine na mban i Réigiún Eorpach EDS agus do Phlean Gníomhaíochta 2016 maidir le Sláinte Ghnéis agus Atáirgthe: i dtreo Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe san Eoraip a bhaint amach — gan aon duine a fhágáil ar lár,

– ag féachaint do Straitéis Dhomhanda EDS maidir le Sláinte Ban, Leanaí agus Déagóirí 2016-2030,

– ag féachaint do chaighdeáin Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip agus BZgA don oideachas gnéasachta san Eoraip: creat do lucht ceaptha beartas, údaráis oideachais agus sláinte agus speisialtóirí, agus do threoir theicniúil idirnáisiúnta UNESCO maidir le hoideachas gnéasachta: cur chuige bunaithe ar fhianaise,

– ag féachaint don chinneadh ón gCoiste Eorpach um Chearta Sóisialta an 30 Márta 2009 maidir le gearán comhchoiteann Uimh. 45/2007 ón Lárionad Idirnáisiúnta um Chosaint Dlíthiúil Chearta an Duine (INTERIGHTS) vs an Chróit agus do thuairim ghinearálta Uimh. 15 ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an 17 Aibreán 2013 maidir leis an gceart atá ag an leanbh an caighdeán sláinte is airde is féidir a theachtadh

[9] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0058.
[10] IO C 449, 23.12.2020, lch. 102.
[11] IO C 252, 18.7.2018, lch. 99.
[12] IO L 327, 16.12.2003, lch. 34.

(Airteagal 24), ina gcuirtear i bhfáth gur cheart rochtain a bheith ag ógánaigh ar fhaisnéis iomchuí agus oibiachtúil maidir le saincheisteanna gnéis agus atáirgthe,

– ag féachaint do thuarascáil Chiste Daonra na Náisiún Aontaithe maidir le Staid an Phobail Dhomhanda, 2019, dar teideal *Unfinished Business: the pursuit of rights and choices FOR ALL* [Gnó Neamhchríochnaithe: cearta agus roghanna a shaothrú DO CHÁCH],

– ag féachaint d'Airteagal 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0169/2021),

A. de bhrí gur staid í an tsláinte gnéis agus atáirgthe (SGA) ina bhfuil folláine fhisiceach, mhothúchánach, mheabhrach agus shóisialta i ndáil le gach gné a bhaineann le gnéasacht agus atáirgeadh, ní hamháin i gcás mífheidhmiú, éiglíocht nó mortlaíocht gan bheith ann, agus de bhrí go bhfuil sé de cheart ag gach duine cinntí a dhéanamh lena rialaítear a gcorp[13], saor ó idirdhealú, comhéigean agus foréigean, agus chun rochtain a fháil ar seirbhísí SGA a thacaíonn leis an gceart chun gnéasachta agus atáirgthe agus a bhfuil cur chuige dearfach acu ina leith, toisc gur chuid dhílis den bheatha féin í gnéasacht;

B. de bhrí gur scáth-théarma é sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SCGA) de réir EDS do shaincheisteanna éagsúla a imríonn tionchar ar gach duine agus a chuireann ceithre réimse ar leith in iúl: sláinte gnéis, cearta gnéis, sláinte atáirgthe agus ceart atáirgthe, agus tá siad bunaithe ar chearta gach duine aonair a sláine coirp, a bpríomháideachas agus a bhféinriar pearsanta a urramú; go n-urramófaí go hiomlán a ngnéaschlaonadh agus a bhféiniúlacht inscne; cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu a bheidh nó nach mbeidh siad gníomhach ó thaobh gnéis de, agus cathain a bheidh siad gníomhach ó thaobh gnéis de; éispéiris ghnéis shábháilte a bheith acu, cinneadh a dheanamh maidir le cé acu a phósfaidh nó nach bpósfaidh, cathain agus cé a phósfaidh siad, agus cé acu an mbeidh nó nach mbeidh páiste nó páistí acu agus cén modh a shaolóidh siad leanbh nó leanaí agus cé mhéad leanbh a bheidh acu; rochtain a bheith acu ar feadh a saoil ar an bhfaisnéis, acmhainní, seirbhísí agus tacaíocht is gá chun an méid thuasluaite a bhaint amach saor ó idirdhealú, comhéigean, dúshaothrú agus foréigean;

C. de bhrí go bhfuil cearta gnéis agus atáirgthe (CGA) faoi chosaint mar chearta an duine sa dlí idirnáisiúnta agus sa dlí Eorpach um chearta an duine amhail sa Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, CEDAW agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus go bhfuil siad ina bpríomhghné de sholáthar cúraim sláinte chuimsitheach; de bhrí gur cearta bunúsacha na mban iad cearta sláinte, go háirithe cearta sláinte gnéis agus atáirgthe, agus gur cheart iad a fheabhsú agus nach féidir iad a laghdú ar bhealach ar bith ná iad a bhaint; de bhrí gur gné bhunriachtanach de dhínit an duine é SCGA a bhaint amach agus tá dlúthbhaint aige sin le comhionannas inscne a bhaint amach agus le foréigean inscnebhunaithe a chomhrac; de bhrí gurb iad corp duine, a rogha, agus dá bhrí sin a fhéinriar colainne iomlán, ba cheart a ráthú;

D. de bhrí go bhfuil inniúlacht dhíreach ag an Aontas Eorpach gníomhú maidir le SCGA a

[13] Coimisiún Guttmacher-Lancet, *Executive Summaryon sexual and reproductive health and rights* ['Achoimre Feidhmiúcháin ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe'], The Lancet, London, 2018, https://www.guttmacher.org/guttmacher-lancet-commission/accelerate-progress-executive-summary

chur chun cinn trí ghníomhaíocht sheachtrach; de bhrí nach bhfuil inniúlacht dhíreach ag an Aontas Eorpach gníomhú maidir le SCGA a chur chun cinn laistigh den Aontas ach go dtarlaíonn an comhar idir Ballstáit trí mhodh oscailte an chomhordaithe; de bhrí go n-iarrann an tAontas Eorpach ar na Ballstáit SCGA a chur chun cinn do chách, agus tugann sé spreagadh agus tacaíocht dó ina leith;

E. de bhrí go bhfuil foréigean inscnebhunaithe ag tarlú go forleathan agus is measa fós é de bharr phaindéim COVID-19; de bhrí go meastar go bhfulaingíonn 25 % de mhná cineál éigean foréigin inscnebhunaithe ina saol agus go bhfulaingíonn líon gan áireamh ban ionsaí agus ciapadh gnéis i gcomhthéacs páirtnéireachtaí gnéis agus an tsaoil phoiblí mar gheall ar steiréitíopaí inscne daingnithe agus na noirm shóisialta a eascraíonn as sin;

F. de bhrí gur sáruithe ar chearta an duine iad sáruithe SCGA, go háirithe an ceart chun na beatha, iomláine coirp agus intinne, comhionannas, neamh-idirdhealú, sláinte agus oideachas, dínit, príobháideachas agus saoirse ó íde atá mídhaonna agus táireach; de bhrí gur cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní iad sáruithe ar SCGA na mban, a chuireann bac ar an dul chun cinn i dtreo an chomhionannais inscne[14];

G. de bhrí gur spriocanna faoi chuimsiú SFI 3 NA, agus de bhrí gur spriocanna iad foréigean inscnebhunaithe agus cleachtais dhíobhálacha a chomhrac faoi chuimsiú SFI 5;

H. de bhrí go bhfuil dúshláin ann fós, cé go bhfuil cuid de na caighdeáin SCGA is airde ar domhan ag AE agus cé go bhfuil roinnt Ballstát tar éis beartais agus cláir a chur chun feidhme a sheasann le CGA, ar dúshláin iad amhail easpa rochtana agus inacmhainneachta, bearnaí, éagothromaíochtaí agus neamhionannais maidir le SCGA a bhaint amach ar fud AE agus laistigh de na Ballstáit araon, bunaithe ar aois, gnéas, inscne, cine, bunadh eitneach, aicme, cleamhnú reiligiúnach nó creideamh, stádas pósta, socheacnamaíoch, míchumas, stádas VEID (nó ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, IGTanna), bunadh náisiúnta nó sóisialta, stádas dlíthiúil nó imirce, teanga, gnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne;

I. de bhrí gur féidir a áireamh ina ndúshláin agus bacainní SCGA, i measc nithe eile, bacainní de chineál dlíthiúil, airgeadais, cultúrtha agus faisnéise, amhail easpa rochtana ar sheirbhísí uilíocha, ardcháilíochta agus inrochtana SCGA; easpa oideachais ghnéasachta atá cuimsitheach, oiriúnach ó thaobh aoise de agus atá bunaithe ar fhianaise, go háirithe ós rud é go bhféadfadh sé go gcuirfí isteach go mór ar theachtadh SCGA do dhaoine LADTI toisc gur fágadh ar lár i gcuraclaim ghnéasoideachais éagsúlacht an ghnéaschlaonta; féiniúlacht inscne, léiriú agus saintréithe gnéis; easpa modhanna nua-aimseartha frithghiniúna ar fáil; diúltú do chúram míochaine bunaithe ar thuairimí pearsanta; srianta dlíthiúla agus bacainní praiticiúla maidir le seirbhísí ginmhillte a rochtain; diúltú do chúram ginmhillte; ginmhilleadh éigeantach; foréigean inscnebhunaithe; foréigean gínéiceolaíoch agus cnáimhseach; steiriliú éigeantach, lena n-áirítear i gcomhthéacs aitheantas dlíthiúil inscne; imeaglú, íde atá cruálach agus táireach; éagothromaíochtaí agus bearnaí i rátaí mortlaíochta máthartha agus tacaíocht mheabhairshláinte; rátaí méadaitheacha gearradh caesarach; easpa rochtana ar cóireáil i gcomhair ailse cheirbheacs; rochtain srianta ar atáirgeadh atáirgeadh daonna le cuidiú míochaine agus ar cóireálacha torthúlachta; deacrachtaí maidir le teacht ar na earraí atá

[14] Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (OHCHR), Sraith faisnéise ar Shláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe, ar fáil ag: https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Women/WRGS/SexualHealth/INFO_Abortion_WEB.pdf

bunriachtanach do SCGA; rátaí ard IGTanna agus VEID; rátaí arda toirchis i measc déagóirí; steiréitíopaí díobhálacha agus cleachtais dhíobhálacha inscne amhail ciorrú ball giniúna ban agus idirghnéasach; pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais (CEFM), agus maruithe onóra, agus cleachtais 'teiripe tiontaithe' mar a thugtar orthu ar féidir a bheith i bhfoirm foréigean gnéis amhail ' éigniú ar scáth ceartú' a dhéantar i gcoinne mná agus cailíní leispiacha agus déghnéasacha, mar aon le daoine déghnéasacha; agus forálacha dlíthiúla atá as dáta nó bunaithe ar idé-eolaíocht a chuireann srian ar SCGA;

J. de bhrí gur seirbhísí cúraim sláinte bunriachtanacha iad seirbhísí SGA ar cheart dóibh a bheith ar fáil do chách agus ar cheart go n-áireofaí oideachas gnéasachta agus caidrimh atá cuimsitheach, oiriúnach ó thaobh aoise de agus atá bunaithe ar fhianaise; faisnéis, comhairleoireacht rúnda agus neamhchlaonta agus seirbhísí le haghaidh sláinte agus folláine gnéis agus atáirgthe; faisnéis agus comhairleoireacht ar fhrithghiniúint nua-aimseartha, mar aon le rochtain ar réimse leathan frithghiniúnach nua-aimseartha; cúram réamhbhreithe, breithe clainne agus iarbhreithe; cnáimhseachas; cúram cnáimhseach agus nuabheirthe; cúram agus seirbhísí ginmhillte shábháilte agus dhlíthiúil, lena n-áirítear cóireáil chastachtaí an ghinmhillte neamhshábháilte; VEID agus IGTanna eile a chosc agus a chóireáil; seirbhísí atá dírithe ar fhoréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe a bhrath, a chosc agus a chóireáil; cosc, brath agus cóireáil i gcomhair ailsí atáirgthe, lena n-áirítear ailse cheirbheacs; cúram torthúlachta agus cóireáil torthúlachta;

K. de bhrí gurb ionann SCGA agus cearta an duine agus nach mór do Bhallstáit AE seasamh leo, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine; de bhrí go bhfuil gá le hurraim do chearta an duine go bhfeidhmíonn daonlathas; de bhrí go bhfuil cearta an duine, daonlathas agus an smacht reachta go léir idirspleách ar a chéile; de bhrí nach mór do Bhallstáit AE uile lánurraim a thabhairt do na luachanna AE uile sin;

L. de bhrí go bhfuil an tsláinte ghnéis ríthábhachtach d'fhoriomlán na sláinte agus na folláine do dhaoine aonair, lánúineacha agus teaghlaigh, sa bhreis ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch pobal agus tíortha, agus de bhrí gur ceart an duine é an tsláinte a rochtain, lena n-áirítear SGA; de bhrí go bhfuil sé éigeantach cheana féin i bhformhór na mBallstát cineál éigin oideachas gnéasachta agus sláinte a sholáthar;

M. de bhrí go sainmhíníonn EDS neamhthorthúlacht mar 'ghalar an chórais atáirgthe a shainítear tríd an mainneachtain toircheas cliniciúil a bhaint amach tar éis 12 mhí nó níos faide de chaidreamh collaí neamhchosanta rialta'; de bhrí nach n-éiríonn leis an sainmhíniú sin an saol mar atá sé do mhná leispiacha agus déghnéasacha, mar aon le daoine trasinscneacha, i lánúineacha comhghnéis, nó mná singile a bhfuil suim acu i roghanna torthúlachta, a ghéaraíonn na dúshláin shochdhlíthiúla atá os a gcomhar cheana féin maidir le rochtain a fháil ar Theicneolaíocht an Atáirgthe Cuidithe mar thoradh ar an bhfócas ar chur in aghaidh na neamhthorthúlachta; de bhrí go bhféadfadh sé nach mbeadh mná leispiacha agus déghnéasacha in ann a 'neamhthorthúlacht' a chruthú agus, dá bhrí sin, go ndiúltaítear dóibh rochtain ar Theicneolaíocht an Atáirgthe Cuidithe[15];

N. de bhrí in imthosca áirithe d'fhéadfadh fir thrasinscneacha agus daoine neamhdhénártha a bheith torrach agus gur cheart, i gcásanna den sórt sin, go mbainfidís tairbhe as bearta maidir le cúram toirchis agus breithe gan idirdhealú ar bhonn a bhféiniúlacht inscne;

[15] https://www.who.int/reproductivehealth/topics/infertility/definitions/en/

O. de bhrí nár cheart go bhfaigheadh aon duine bás le linn breith clainne agus gur ceart an duine é rochtain a fháil ar chúram máithreachais, toirchis agus cúram a bhaineann le breith atá fianaisebhunaithe, ar ardcháilíocht agus inrochtana agus ní mór an méid sin a áirithiú gan aon idirdhealú;

P. de bhrí go dtéann daoine torracha faoi idirghabhálacha éigeantais agus comhéigneacha míochaine le linn breith clainne, lena n-áirítear drochíde fisiciúil nó ó bhéal, go ndéantar uamadh gortuithe breithe gan phianmhúchán, go dtugtar neamhaird dá gcinntí agus go léirítear easpa urraime dá dtoiliú feasach, lena bhféadfadh foréigean agus íde atá cruálach agus mídhaonna a bheith mar thoradh orthu;

Q. de bhrí, trí oideachas gnéasachta atá cuimsitheach, fianaisebhunaithe, neamh-idirdhealaitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de agus fothaithe i gcur chuige atá bunaithe ar chearta agus atá dírithe ar inscne, mar a shonraítear i dtreoir theicniúil idirnáisiúnta UNESCO, go n-éascaítear iompar freagrach gnéis agus go gcumhachtaítear do leanaí agus daoine óga, toisc go dtugann sé faisnéis ar ghnéasacht atá cruinn go heolaíoch agus oiriúnach ó thaobh aoise de, go dtugann sé aghaidh ar shaincheisteanna sláinte gnéis agus atáirgthe, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta d'fhorbairt an duine; anatamaíocht ghnéis agus atáirgthe agus fiseolaíocht; toiliú, caithreachas agus míostrú; atáirgeadh, frithghiniúint nua-aimseartha, toircheas agus breith clainne; IGTanna; agus foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, lena n-áirítear cleachtais dhíobhálacha amhail CEFM agus ciorrú ball giniúna ban (FGM); de bhrí go bhfuil oideachas gnéasachta atá cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de ríthábhachtach chun scileanna leanaí agus daoine óga a fhorbairt chun caidrimh shláintiúla, chomhionanna agus shábháilte a chruthú, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar noirm inscne, comhionannas inscne, dinimic chumhachta i gcaidrimh, toiliú agus meas ar theorainneacha, agus go gcuidíonn sé le comhionannas inscne a bhaint amach;

R. de bhrí gur sárú ar chearta daoine aonair é gan faisnéis atá cruinn ó thaobh na heolaíochta de agus fianaisebhunaithe a bheith ar fáil, go ndéanann sé dochar dóibh roghanna feasacha a dhéanamh maidir lena SRHR féin agus go mbaineann sé an bonn de chur chuige sláintiúil i leith comhionannas inscne;

S. de bhrí go n-áirítear le SGA sláinteachas agus sláintíocht mhíosta, chomh maith le himthosca sistéamacha agus socheacnamaíocha stiogmataithe agus idirdhealaithe a bhaineann le míostrú; de bhrí go ndéanann tréimhse na bochtaineachta, ina dtagraítear do rochtain theoranta ar tháirgí sláintíochta, difear do thuairim is bhean amháin as deichniúr san Eoraip, agus go bhfuil sí níos measa fós mar gheall ar chánachas inscnechlaonta ar tháirgí sláinteachais míosta in AE; de bhrí gurb é an toradh a bhíonn ar náire, ar phian mhíosta neamhchóireáilte agus ar thraidisiúin idirdhealaitheacha ná luathfhágáil scoile agus rátaí tinrimh níos ísle do chailíní ar scoil agus do mhná ag an obair; de bhrí go bhfuil tionchar ag dearcthaí agus miotais dhiúltacha reatha maidir le míostrú a imríonn tionchar ar chinntí sláinte atáirgthe; de bhrí gur féidir le tuiscint ar na naisc idir sláinteachas míosta agus galracht, mortlaíocht agus neamhthorthúlacht mháthartha, IGT/VEID agus ailse cheirbheacsach tacú le luathbhrath agus beatha a shábháil;

T. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag frithghiniúint nua-aimseartha maidir le comhionannas inscne a bhaint amach agus toirchis neamhphleanáilte a chosc, mar aon le baint amach an chirt atá ag daoine aonair cinntí a dhéanamh faoina roghanna teaghlaigh trí líon a leanaí, uainiú agus spásáil eatarthu a phleanáil go réamhghníomhach agus go freagrach; de bhrí go laghdaíonn modhanna áirithe frithghiniúna ráta tarlaithe VEID/IGTanna; de bhrí go bhfuil bac ar rochtain ar fhrithghiniúint nua-aimseartha fós de bharr bacainní

praiticiúla, airgeadais, sóisialta agus cultúrtha, lena n-áirítear miotais faoi fhrithghiniúint, dearcthaí i leith gnéasacht ban agus frithghiniúna atá as dáta, mar aon le braistint steiréitipiciúil go bhfuil frithghiniúint faoi fhreagracht na mban amháin;

U. de bhrí go bhfuil dlíthe ginmhillte bunaithe ar reachtaíocht náisiúnta; de bhrí fiú nuair atá ginmhilleadh ar fáil go dlíthiúil, gur minic go bhfuil réimse bacainní dlíthiúla, gardhlíthiúla agus neamhfhoirmiúla ann ar é a rochtain, lena n-áirítear tréimhsí teoranta ama agus na forais ar a fhaightear rochtain ar ghinmhilleadh; tréimhse mhachnaimh nach bhfuil údar míochaine leo; easpa gairmithe cúraim sláinte atá oilte agus toilteanach; agus diúltú do chúram míochaine bunaithe ar thuairimí pearsanta, comhairleoireacht chlaonta agus éigeantais, mífhaisnéis réamhbheartaithe nó údarú tríú páirtí, tástálacha nach bhfuil gá míochaine leo, riachtanais anacra, an costas a bhaineann leis agus an easpa aisíocaíochta air;

V. de bhrí go bhfuil dlíthe an-sriantach fós ag roinnt Ballstát lena gcuirtear toirmeasc ar ghinmhilleadh seachas i gcúinsí atá sainithe go docht, a fhágann go mbíonn ar mhná ginmhilleadh folaitheach a lorg, taisteal chuig tíortha eile nó leanbh a iompar go deireadh an toirchis in aghaidh a dtola, ar sárú é ar chearta an duine agus ar chineál foréigin inscnebhunaithe[16] é a dhéanann difear do chearta na mban agus na gcailíní chun na beatha, chun iomláine coirp agus mheabhrach, comhionannas, neamh-idirdhealú agus sláinte, agus de bhrí go bhfuil roinnt Ballstát a bhfuil ginmhilleadh dleathach acu ar iarraidh nó ar chearta na mban agus na gcailíní chun na beatha, iomláine choirp agus mheabhrach, comhionannas, neamh-idirdhealú agus sláinte, agus de bhrí go bhfuil roinnt Ballstát a rinne ginmhilleadh dleathach ar iarraidh nó ar fhorais leathana shóisialta, leanann siad mar sin féin de smachtbhannaí sonracha coiriúla a choinneáil do ghinmhilltí a dhéantar taobh amuigh de raon feidhme na bhforálacha dlíthiúla is infheidhme;

W. de bhrí go bhfuil iarracht á déanamh ag roinnt Ballstát faoi láthair an rochtain ar SCGA a theorannú tuilleadh trí dhlíthe thar a bheith sriantacha as a n-eascraíonn idirdhealú inscne agus iarmhairtí diúltacha do shláinte na mban;

X. de bhrí gur minic a dhéanann lucht freasúrach ceart gnéis agus atáirgthe saincheisteanna amhail an leas náisiúnta nó an t-athrú déimeagrafach a ionstraimiú chun an bonn a bhaint de SCGA, rud a chuireann le creimeadh saoirsí pearsanta agus le prionsabail an daonlathais; de bhrí nach mór go mbeadh gach beartas lena dtugtar aghaidh ar athrú déimeagrafach ceartabhunaithe, dírithe ar dhaoine, saincheaptha agus fianaisebhunaithe, agus go gcaithfidh siad seasamh le cearta gnéis agus atáirgthe;

Y. de bhrí go bhfuil tionchar ag lucht freasúrach ceart gnéis agus atáirgthe agus fhéinriar na mban ar an dlí náisiúnta agus ar bheartas náisiúnta, ag iarraidh an bonn a bhaint ó SCGA, mar a thug an Pharlaimint dá haire ina rún maidir le frithfhreagairt a fhulaingt i gcearta na mban agus comhionannas inscne in AE agus i gcearta ginmhillte sa Pholainn, agus ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne ina tuarascáil an 22 Samhain 2019 dar teideal *Beijing +25: the fifth review of the implementation of the Beijing Platform for Action in the EU Member States* [Béising +25: an cúigiú hathbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising i mBallstáit AE]; de bhrí go gcuireann na tionscnaimh sin agus an cúlú sin bac ar chearta daoine a fhíorú, ar fhorbairt tíortha agus baineann siad an bonn de luachanna agus cearta bunúsacha Eorpacha;

---

16 https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Women/WRGS/SexualHealth/INFO_Abortion_WEB.pdf

Z. de bhrí go léirítear in go leor tuarascálacha gur teorannaíodh agus/nó gur aisghairmíodh seirbhísí SCGA le linn phaindéim COVID-19[17], agus go raibh suaitheadh ann maidir le seirbhísí riachtanacha míochaine a rochtain amhail cúram frithghiniúna agus ginmhillte, scagthástáil VEID agus IGTanna, rochtain ar Chosc FGM agus ar Lárionaid Feasachta agus scagthástálacha le haghaidh ailsí atáirgthe, agus cúram sláinte máthartha, a raibh impleachtaí tromchúiseacha acu ar chearta bunúsacha na mban chun féinriar colainne; de bhrí gur léirigh paindéim COVID-19 gur gá athléimneacht na gcóras sláinte a neartú i gcoinne na ngéarchéimeanna sin, chun a áirithiú go leanfaidh seirbhísí a bhaineann le SCGA de bheith ar fáil go hiomlán agus go soláthrófar iad go tráthúil;

AA. de bhrí go bhfuil iarracht sheasmhach ann géarchéim sláinte COVID-19 a ionstraimiú mar leithscéal chun SCGA a shrianadh tuilleadh[18], as a dtiocfaidh ath-leithdháileadh acmhainní; de bhrí go bhfuil éifeacht dhiúltach leathan agus fhadtéarmach aige sin ar feidhmiú an chirt bhunúsaigh chun sláinte, ar chomhionannas inscne agus ar an gcomhrac i gcoinne an idirdhealaithe agus foréigean inscnebhunaithe, agus go gcuireann sé folláine, sláinte agus beatha ban agus cailíní i mbaol;

AB. de bhrí gur minic go bhfuil bacainní breise, idirdhealú trasnach agus foréigin maidir le cúram sláinte a rochtain roimh dhaoine agus grúpaí imeallaithe, lena n-áirítear mionlaigh chiníocha, eitneacha agus chreidimh, imircigh, daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste go socheacnamaíoch, daoine gan árachas sláinte, daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, daoine atá faoi mhíchumas, daoine LADTIQ agus íospartaigh foréigin, i measc daoine eile, agus go bhfuil na bacainní sin ann mar thoradh ar dhlíthe agus cleachtais a ceadaíonn cleachtais chomhéigneacha maidir le cúram sláinte gnéis agus atáirgthe agus mainneachtain freastal réasúnta a áirithiú maidir le cóireáil agus faisnéis ardcháilíochta a rochtain; de bhrí go bhfuil easpa sonraí substainteacha ar shaincheist an fhoréigin chnáimhsigh i leith mná ar a ndéantar ciníochú san Eoraip; de bhrí go dtagtar as an idirdhealú sin rátaí níos airde galrachta agus mortlaíochta máthartha (i measc mná gorma, mar shampla), ríosa mí-úsáide agus foréigin níos airde (do mhná atá faoi mhíchumas), easpa rochtain ar fhaisnéis agus éagóir agus neamhionannas foriomlán maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí SCGA;

AC. de bhrí go ndéanann an neamhthorthúlacht agus an fhothorthúlacht difear do duine amháin as seisear san Eoraip agus gur saincheist sláinte phoiblí dhomhanda iad; de bhrí go bhfuil gá ann neamhionannais a laghdú maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis agus cóireáil neamhthorthúlachta, agus idirdhealú a thoirmeasc ar fhorais ghnéis, inscne, ghnéaschlaonta, sláinte nó stádas shibhialta;

AD. de bhrí, de réir Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine agus cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, go mbaineann sláinte ghnéis agus atáirgthe na mban le hiliomad de chearta an duine, lena n-áirítear an ceart chun beatha agus dínit, saoirse ó íde atá mídhaonna agus táireach, an ceart chun rochtain ar chúram sláinte, an ceart chun príobháideachais, an ceart chun oideachais agus toirmeasc ar idirdhealú;

AE. de bhrí gur thug Parlaimint na hEorpa aghaidh ar SRHR ina seasamh a glacadh ar an

[17] Nóta Teicniúil Eatramhach UNFPA dar teideal *Impact of the COVID-19 Pandemic on Family Planning and Ending Gender-based Violence, Female Genital Mutilation and Child Marriage* [Tionchar Phaindéim COVID-19 ar Phleanáil Teaghlaigh agus deireadh a chur le Foréigean Inscne, Ciorrú Ball Giniúna Ban, agus Pósadh Leanaí], an 27 Aibreán 2020, ar fáil ag: https://www.unfpa.org/sites/default/files/resource-pdf/COVID-19_impact_brief_for_UNFPA_24_April_2020_1.pdf

[18] EPF agus IPPF EN, op. cit., p. 8.

gcéad léamh an 13 Samhain 2020 maidir leis an gClár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte don tréimhse 2021-2027 ('Clár Sláinte AE4'), chun rochtain thráthúil a áirithiú ar na hearraí is gá chun SCGA a sholáthar go sábháilte (mar shampla, cógais, frithghiniúnaigh agus trealamh leighis);

AF. de bhrí gur minic a bhíonn bacainní ar dhéagóirí i ndáil le SCGA mar gheall ar easpa seirbhísí atá fabhrach don óige;

AG. de bhrí gur sheol AE agus na Náisiúin Aontaithe an Tionscnamh Spotsolais chun foréigean i gcoinne ban agus cailíní, lena n-áirítear foréigean gnéis, a chomhrac, agus de bhrí gurb é ceann de na haidhmeanna atá aige feabhas a chur ar rochtain ar oideachas gnéasachta agus ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe;

AH. de bhrí go bhfuil seirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais (WASH) bunriachtanach don tsláinte ghnéis agus atáirgthe, ach gur rómhinic fós nach mbíonn rochtain orthu, go háirithe i gceantair iargúlta;

***Comhdhearcadh a chruthú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin SCGA mar dhúshláin AE***

1. i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus i gcomhréir leis na hinniúlachtaí náisiúnta, á iarraidh ar na Ballstáit ceart gach duine, gan bann ar aois, gnéas, inscne, cine, bunadh eitneach, aicme, cleamhnú reiligiúnach nó creideamh, stádas pósta, socheacnamaíoch, míchumas, stádas VEID (nó ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, IGTanna), bunadh náisiúnta nó sóisialta, stádas dlíthiúil nó imirce, teanga, gnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne, a roghanna feasacha féin a dhéanamh i dtaobh SCGA, chun an ceart chun sláine colainne agus féinriar pearsanta, comhionannais agus neamh-idirdhealaithe a áirithiú, agus chun na modhanna riachtanacha a sholáthar chun gur féidir le gach duine leas a bhaint as SCGA;

2. á mheabhrú go bhfuil an tAontas tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine, agus gach bean agus cailín, smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena gcearta gnéis agus atáirgthe, saor ón idirdhealú, ón gcomhéigean agus ón bhforéigean[19];

3. á iarraidh ar AE, ar a chomhlachtaí agus a ghníomhaireachtaí tacú le rochtain uilíoch agus iomlán ar sheirbhísí SCGA agus iad a chur chun cinn laistigh d'fheidhmiú a n-inniúlachtaí trí chur chun cinn a dhéanamh ar chomhionannas inscne, urraim d'fhéinriar pearsanta, inrochtaineacht, rogha fheasach, toiliú agus meas, neamh-idirdhealú agus neamhfhoréigean, agus á iarraidh ar na Ballstáit rochtain a áirithiú ar réimse leathan SCGA atá ar ardcháilíocht, cuimsitheach agus inrochtana, agus fáil réidh le gach bacainn dhlíthiúil, bheartais, airgeadais agus eile lena gcuirtear bac ar rochtain iomlán ar SCGA do chách; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go n-éascófar malartú rialta agus cur chun cinn an dea-chleachtais idir na Ballstáit agus na geallsealbhóirí maidir le gnéithe inscne na sláinte;

4. á athdhearbhú go bhfuil SCGA ríthábhachtach don chomhionannas inscne, don fhás eacnamaíoch agus don fhorbairt, do chosaint leanaí agus do dhíothú an fhoréigin inscne, na gáinneála ar dhaoine agus na bochtaineachta;

5. á iarraidh ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sheasmhacha a bhaineann le

[19] Conclúidí ón gComhairle an 13 Iúil 2020 maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe agus ag an 75ú Comhthionól Ginearálta de chuid na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2020-Meán Fómhair 2021.

rochtain a fháil ar SCGA nó le leas a bhaint as, agus seirbhísí ardcháilíochta agus inrochtana SGA a áirithiú do chách, gan beann ar a stádas socheacnamaíoch, ionas nach bhfágfar aon duine ar lár toisc nach bhfuil siad in ann a gceart chun sláinte a fheidhmiú;

6. á aithint a thábhachtaí atá faisnéis phoiblí maidir le SCGA; á mheabhrú di gur cheart na beartais uile a bhaineann le SCGA a bhunú ar fhianaise iontaofa agus oibiachtúil ó eagraíochtaí amhail EDS, gníomhaireachtaí eile na Náisiún Aontaithe agus Comhairle na hEorpa;

7. ag athdhearbhú gur iarr Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine ar a Bhallstáit[20] foráil leordhóthanach bhuiséadach a ráthú maidir le SCGA agus a áirithiú go mbeidh acmhainní daonna leordhóthanacha agus earraí riachtanacha ar fáil ar gach leibhéal den chóras sláinte, i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon, bacainní dlíthiúla, beartais agus airgeadais a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, ar bacainní iad lena gcuirtear bac ar rochtain ar chúram SGA ar ardchaighdeán agus chun seirbhísí SCGA a chomhtháthú i scéimeanna árachais fóirdheonaithe nó aisíocaíochta sláinte poiblí atá ann cheana chun Cumhdach Sláinte Uilíoch a bhaint amach;

8. á mheabhrú na dtuairimí a d'formhuinigh Coiste Airí Chomhairle na hEorpa, a mhol gur cheart go mbeadh cúram sláinte trasinscne go sonrach amhail cóireáil hormón agus cóireáil mháinliachta hormón inrochtana agus aisíoctha ag scéimeanna árachais sláinte poiblí[21];

***Sláinte ghnéis agus atáirgthe mar chuid bhunriachtanach den dea-shláinte***

9. iarraidh ar na Ballstáit straitéisí agus cláir faireacháin éifeachtacha a bhunú lena ráthófar go mbeidh leas agus rochtain uilíoch ag gach duine ar raon iomlán seirbhísí ardcháilíocht agus inrochtana SCGA, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta sláinte, gan beann ar bhacainní airgeadais, praiticiúla agus sóisialta, agus saor ó idirdhealú, agus aird ar leith á tabhairt ag grúpaí imeallaithe, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do mhná ó mhionlaigh eitneacha, cinícha agus reiligiúnacha, mná imirceacha, mná ó cheantair thuaithe agus na réigiúin is forimeallaí ina gcoisceann srianta geografacha rochtain dhíreach agus láithreach ar sheirbhísí den sórt sin, mná atá faoi mhíchumas, mná gan árachas sláinte, daoine LADTI agus íospartaigh d'fhoréigean gnéis agus inscnebhunaithe;

10. á chur i bhfáth go bhfuil an cothromas i dtaca le rochtain, cáilíocht an chúraim agus cuntasacht maidir le cúram sláinte agus SRHR bunriachtanach i ndáil le hurraim do chearta an duine; ag cur béim bhreise ar an bhfíoras go gcaithfidh seirbhísí, tráchtearraí agus saoráidí a bheith in ann freagairt do cheanglais inscne agus conaire saoil agus rúndacht agus toiliú eolasach a urramú;

11. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sonraí stóinseacha comhionannais a bhailiú go córasach, ar sonraí iad a bheidh imdhealaithe de réir forais éagsúla, lena n-

---

[20] Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, *Women's sexual and reproductive health and rights in Europe*, ['Sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe na mban san Eoraip'], Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, Comhairle na hEorpa, 2017, https://www.coe.int/en/web/commissioner/women-s-sexual-and-reproductive-rights-in-europe

[21] Coiste Stiúrtha Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine (CDDH) Tuarascáil ar chur chun feidhme Mholadh CM/Rec (2010) ó Choiste na nAirí chuig na ballstáit maidir le bearta chun idirdhealú ar fhorais gnéaschlaonta agus féiniúlachta inscne a chomhrac, ar fáil ag https://search.coe.int/cm/Pages/result_details.aspx?ObjectId=09000016809f9ba0

áirítear inscne, aois, bunadh cinīoch agus eitneach agus gnéaschlaonadh, cúlra cultúrtha agus socheacnamaíoch, chomh maith le staidreamh maidir le seirbhísí uile SRHR, ar bhonn anaithnid, chun éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith sna torthaí ar sholáthar an chúraim SRH a bhrath agus chun aghaidh a thabhairt orthu;

12. ag tathant ar an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as a inniúlacht sa bheartas sláinte, agus tacaíocht a sholáthar do na Ballstáit i ndáil le rochtain uilíoch ar SRHR a ráthú faoi chuimsiú an Chláir EU4Health don tréimhse 2021-2027; i ndáil le faisnéis agus oideachas sláinte a chur chun cinn; i ndáil le córais sláinte náisiúnta a neartú agus treisiú le cóineasú aníos caighdeán cúraim sláinte chun neamhionannais sláinte laistigh de na Ballstáit, agus idir na Ballstáit, a laghdú; agus i ndáil le malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát maidir le SRHR a éascú; á iarraidh ar na Ballstáit gluaiseacht i dtreo an chlúdaigh sláinte uilíoch, ar ina leith atá SRHR bunriachtanach, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint, i gcás inarb iomchuí, as an gClár EU4Health agus as Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE+);

13. á chur i bhfáth go bhfuil gá le cur chuige dearfach agus réamhghníomhach i leith an chúraim sláinte i rith na saolré, trí chúram sláinte uilíoch, ardcháilíochta, a bhfuil acmhainní leormhaithe mar thacaíocht leis, a áirithiú; á thabhairt chun suntais gur féidir leis an Aontas tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i gcomhair cuir chuige chomhtháite agus thrasnacha i leith coisc, fáthmheasa, cóireála agus cúraim, agus gur féidir leis tacú freisin le gníomhaíochtaí na mBallstát chun rochtain ar sheirbhísí SRH agus ar tháirgí gaolmhara íocshláinte a áirithiú, lena n-áirítear sa mhargadh domhanda; á iarraidh go mbainfí breis úsáide as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun cóireálacha agus modhanna diagnóiseacha atá ceannródaíoch agus atá ag teacht chun cinn a sholáthar, rud a d'fhágfadh go mbeadh na hothair in ann tairbhe iomlán a bhaint as an réabhlóid dhigiteach; á chur i bhfáth gur gá úsáid iomlán a bhaint as Fís Eorpach agus an Eoraip Dhigiteach chun na tosaíochtaí sin a chur chun cinn;

14. ag tathant ar na Ballstáit feasacht a mhúscailt i measc na mban ar a thábhachtaí atá scagthástálacha rialta, agus a áirithiú go soláthróidh seirbhísí sláinte poiblí scagthástálacha amhail mamagraim agus ultra-shonagraif mhamacha, tástálacha citeolaíochta agus scanadh ar dhlús na gcnámh;

15. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé breoiteachtaí a chosc tríd an oideachas; ag leagan béim freisin ar a thábhachtaí atá vaicsíní i ndáil le breoiteachtaí a chosc i gcás inar ann do vacsaíní; á iarraidh, dá bhrí sin, ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an tAontas a cheannach vacsaíní chun comhrac i gcoinne COVID-19 a leathnú chun vacsaín an phapalómaivíris dhaonna (HPV) a cheannach, rud a d'áiritheodh go mbeadh rochtain ag gach duine san Eoraip ar an vacsaín sin;

16. á mheabhrú di nach mór gach idirghabháil leighis a bhaineann le SRHR a dhéanamh le toiliú feasach roimhré, toiliú feasach pearsanta agus toiliú lánfheasach; á iarraidh ar na Ballstáit an foréigean gínéiceolaíoch agus cnáimhseach a chomhrac trí threisiú le nósanna imeachta lena ráthaítear urraim do thoiliú saor agus toiliú feasach roimh ré agus cosaint ar íde mhídhaonna agus tháireach i suíomhanna cúraim sláinte, lena n-áirítear trí oiliúint a chur ar ghairmithe leighis; á iarraidh ar an gCoimisiún dul i ngleic leis an gcineál sonrach foréigin inscnebhunaithe sin ina chuid gníomhaíochtaí;

17. á chur in iúl gur cúis mhór imní dó gur rómhinic a dhéantar rochtain ar shaoráidí i réimse na sláinte gnéis agus atáirgthe a shéanadh ar mhná agus ar chailíní atá faoi mhíchumas, go ndéantar toiliú feasach maidir le húsáid frithghiniúnach a shéanadh orthu agus go bhfuil baol ann fiú go ndéanfar steiriliú éigeantach orthu; á iarraidh ar na Ballstáit bearta reachtacha a chur chun feidhme lena gcosnófar an tsláine fhisiciúil, an

tsaoirse rogha agus an féinchinntiúchán maidir le saol gnéasach agus atáirgthe daoine faoi mhíchumas;

18. á iarraidh ar na Ballstáit bearta éifeachtacha a thoirmeasc agus a dhéanamh gan mhoill chun cosc a chur ar gach cineál idirdhealaithe i gcoinne ban ciníoch, lena n-áirítear leithscaradh eitneach i saoráidí sláinte, agus a ráthú go mbeidh rochtain uilíoch ann ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe ardcháilíochta atá saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó mhí-úsáid, agus dul i ngleic le sáruithe ar chearta an duine a dhéanann difear dóibh, iad a leigheas agus iad a chosc;

19. ag athdhearbhú a hiarrata ar na Ballstáit reachtaíocht a ghlacadh lena n-áiritheofar nach gcuirfear daoine idirghnéasacha faoi chóireáil chóireáil mhíochaine ná mháinliachta neamhthábhachtach le linn naíonachta nó óige, agus go n-urramófar go hiomlán a gceart chun na sláine coirp, chun an fhéinriar, chun an féinchinntiúcháin agus chun an toilithe fheasaigh;

20. á chur i bhfáth gur gá riachtanais sláinte shonracha a bhaineann le SRHR amhail neamhthorthúlacht, an meanapás agus ailsí atáirgthe sonracha a chur san áireamh; á iarraidh ar na Ballstáit na seirbhísí athshlánúcháin uile is gá agus na sásraí tacaíochta uile is gá, lena n-áirítear an cúram sláinte meabhrach agus fisiciúil is gá, a sholáthar d'íospartaigh uile na sáruithe ar SRHR; á iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis a sholáthar maidir le rannchuidiú chláir AE leis an tsláinte atáirgthe a chur chun cinn agus le tacú léi;

21. ag meabhrú chinneadh na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine in A.P., Garçon agus Nicot v. an Fhrainc, inar aithin sí gurbh ionann ceanglas Ballstáit go ndéanfaí steiriliú sula gceadófaí gnáthaimh dhlíthiúla um inscne a aithint agus mainneachtain an ceart go n-urramófar saol príobháideach an iarratasóra a dhaingniú; ag meabhrú gur aithin na Náisiún Aontaithe go bhfuil an steiriliú éigeantach ina shárú ar an gceart a bheith saor ó chéastóireacht agus ó íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach[22]; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil an steiriliú fós ina choinníoll *sine qua non* chun rochtain a fháil ar aitheantas dlíthiúil inscne i roinnt de Bhallstáit an Aontais; á iarraidh ar na Ballstáit deireadh a chur le ceanglas an steirilithe agus ceart daoine trasinscneacha chun an fhéinchinntiúcháin a chosaint[23];

22. á chur i bhfáth gur gá tionchair na n-athruithe comhshaoil ar SRHR agus ar an torthúlacht a mheas, lena n-áirítear truailliú uisce agus aeir, agus méadú ar thomhaltas ceimiceán, ach gan a bheith teoranta dóibhsean; á iarraidh go ndéanfar tuilleadh scrúdaithe air sin trí Fhís Eorpach agus go dtabharfar aghaidh air tríd an gComhaontú Glas don Eoraip;

23. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá soláthraithe sláinte gnéis agus atáirgthe i dtaca le réimse cuimsitheach seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe a sholáthar, lena n-áirítear an sláinte fhisiciúil agus an mheabhairshláinte; ag moladh do na Ballstáit a gcúinsí uathúla a chur san áireamh agus soláthar foriomlán an chúraim sláinte á bheartú acu;

***a) Rochtain ar tháirgí míosta sábháilte, córa agus ciorclacha do chách***

24. ag tathant ar na Ballstáit infhaighteacht fhorleathan táirgí míosta atá saor ó thocsainí

---

22 https://www.ohchr.org/Documents/HRBodies/HRCouncil/RegularSession/Session22/A.HRC.22.53_English.pdf

23 An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine Cás A.P., Garçon agus Nicot v. An Fhrainc (Uimhreacha iarratais. 79885/12, 52471/13 agus 52596/13).

agus atá in-athúsáidte a spreagadh, go háirithe in ionaid mhóra asdíola agus i gcógaslanna móra ar fud na tíre (ar cheart go mbeidís ag teacht, ar a laghad, leis an gcion d'ítimí aon-úsáide atá ar díol), mar aon le bearta múscailte feasachta maidir le tairbhí táirgí míosta in-athúsáidte i gcomparáid le táirgí aon-úsáide;

25. ag leagan béim ar éifeachtaí diúltacha cháin na súitíní, mar a thugtar air, ar an gcomhionannas inscne; á iarraidh ar na Ballstáit uile deireadh a chur le cháin an chúraim agus na súitíní, mar a thugtar air, trí úsáid a bhaint as an tsolúbthacht a tugadh isteach sa Treoir maidir le CBL agus trí dhíolúintí nó rátaí CBL 0 % a chur i bhfeidhm maidir leis na hearraí bunúsacha bunriachtanacha sin;

***b) Téann an t-oideachas cuimsitheach gnéasachta chun tairbhe do dhaoine óga***

26. ag tathant ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain uilíoch ar oideachas cuimsitheach gnéasachta agus faisnéis chuimsitheach ghnéasachta atá cruinn ó thaobh na heolaíochta de, atá bunaithe ar fhianaise, atá oiriúnach ó thaobh aoise de, atá neamhbhreithiúnach agus atá cuimsitheach ag gach leanbh bunscoile agus meánscoile, agus freisin ag leanaí nach bhfuil ar scoil, i gcomhréir le caighdeáin EDS maidir leis an Oideachas Gnéasachta agus lena Phlean Gníomhaíochta maidir leis an tSláinte Ghnéis agus Atáirgthe, gan aon idirdhealú a bheith á dhéanamh ar fhoras ar bith; ag tathant ar na Ballstáit oideachas cuimsitheach faoin bhfuil mhíosta agus a naisc leis an ngnéasacht agus an torthúlacht a áirithiú; á iarraidh ar na Ballstáit seirbhísí dea-fhorbartha, dea-chistithe agus inrochtana a bhunú, ar seirbhísí iad a bheidh fabhrach don óige, mar aon le hoiliúint do mhúinteoirí, agus na modhanna chun go bhfeidhmeoidh oifigí tacaíochta agus ionaid oideachais sláinte mar is ceart;

27. á chur i bhfáth go bhfuil oideachas agus faisnéis SRHR ar cheann de na príomhionstraimí chun na gealltanais a bhaint amach ar chomóradh 25 bliana na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD25), eadhon riachtanas ar bith i dtaobh na pleanála teaghlaigh gan a bheith comhlíonta, bás máthar ar bith gan a bheith coiscthe agus gan aon fhoréigean inscnebhunaithe agus cleachtais dhíobhálacha a bheith ann i gcoinne na mban, na gcailíní agus na ndaoine óga; á chur i bhfáth gur féidir oideachas agus faisnéis SRHR rannchuidiú go suntasach le foréigean gnéasach agus ciapadh gnéasach a laghdú, a chomhlánaítear trí chistiú agus tionscadail AE lena bhfeabhsaítear comhar agus comhordú beartas sláinte poiblí, agus trí dhea-chleachtais a fhorbairt agus a scaipeadh; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá oideachas gnéis agus caidrimh agus faisnéis gnéasachta atá cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de, agus a thábhachtaí atá sé sin don phleanáil teaghlaigh agus don rochtain ar shláinte atáirgthe, mar aon leis na hiarmhairtí atá aige sin do thoircheas neamhbheartaithe agus breoiteachtaí a bhaineann le SRH;

28. ag meabhrú go bhfuil steiréitíopaí agus geasa maidir le míostrú fós forleathan inár sochaithe agus gur féidir leo sin moill a chur ar fháthmheas galar amhail inmheatróis arb amhlaidh, in ainneoin inmheatróis a bheith ar dhuine as gach deichniúr ban atá in aois atáirgthe, in ainneoin gurb í is cionsiocair le neamhthorthúlacht agus gur siocair í le pian ainsealach peilbhis, a ghlacann sé ocht mbliana ar an meán í a fháthmheas, agus nach bhfuil leigheas ann di; á iarraidh ar na Ballstáit oideachas cuimsitheach, cruinn ó thaobh na heolaíochta de, maidir le míostrú a áirithiú, chun feasacht a mhúscailt agus chun mórfheachtais faisnéise a sheoladh maidir le inmheatróis lena ndírítear ar an bpobal, ar ghairmithe cúraim sláinte agus ar reachtóirí; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ar chláir oideachais faoin bhfuil mhíosta do gach leanbh, ionas gur féidir le míostrathaigh roghanna eolasacha a dhéanamh faoina míostraithe agus faoina gcolainn; á iarraidh ar na Ballstáit dul i ngleic go práinneach leis an mbochtaineacht

mhíosta trína áirithiú go mbeidh táirgí míostraithe ar fáil d'aon duine atá ina ngátar;

29. á iarraidh ar na Ballstáit dul i ngleic le scaipeadh mífhaisnéise idirdhealaithí agus neamhshábháilte maidir le SRHR, toisc go gcuireann sí gach duine, go háirithe mná, daoine LADTI agus daoine óga, i mbaol; ag aithint ról na meán, na meán sóisialta, institiúidí faisnéise poiblí agus geallsealbhóirí eile i ndáil le faisnéis chruinn agus eolaíoch a áirithiú, agus á iarraidh sí orthu diúltú don bhréagaisnéis agus don mhífhaisnéis maidir le SRHR óna gcláir, óna n-ábhair agus óna ngníomhaíochtaí; á iarraidh ar na Ballstáit curaclaim oideachais chuimsithigh gnéis agus caidrimh atá oiriúnach ó thaobh aoise de a fhorbairt, agus é á chur san áireamh gur cheart go léireofaí, trí fhaisnéis a thabhairt, éagsúlacht na dtreoshuíomh gnéasach, féiniúlachtaí inscne, léirithe inscne agus saintréithe gnéis, chun cur i gcoinne na mífhaisnéise atá bunaithe ar steiréitíopaí nó ar chlaontacht, agus chun cosaint an chirt chun na sláinte atáirgthe a fheabhsú trí sheirbhísí poiblí sláinte;

***c) Frithghiniúint nua-aimseartha mar straitéis chun comhionannas inscne a bhaint amach***

30. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain uilíoch ar réimse modhanna agus soláthairtí frithghiniúnacha nua-aimseartha ardcháilíochta agus inrochtana, comhairleoireacht pleanála teaghlaigh agus faisnéis maidir le frithghiniúint do chách, aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar fad lena gcuirtear bac ar rochtain ar fhrithghiniúint, amhail bacainní airgeadais agus sóisialta, agus a áirithiú go mbeidh comhairle leighis agus comhairliúcháin le gairmithe cúraim sláinte ar fáil, rud a fhágfaidh go mbeidh gach duine in ann an modh frithghiniúna is oiriúnaí dóibh a roghnú, agus ar an gcaoi sin an ceart bunúsach chun na sláinte agus an ceart chun roghnaithe a choimirciú;

31. á iarraidh ar na Ballstáit rochtain ar fhrithghiniúint nua-aimseartha, éifeachtach agus inrochtana a áirithiú, agus fós rátaí rathúlachta san fhadtéarma a chur san áireamh; á iarraidh ar na Ballstáit a aithint gur cheart an cumhdach sin a leathnú chuig gach duine atá in aois atáirgthe; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh gach seirbhís sláinte cúram leighis agus síceolaíochta rialta cuí a sholáthar lena ndéanfar SRH saoil na mban a chur chun cinn agus a chosaint;

32. ag meabhrú go bhfuil sé de fhreagracht ar na Ballstáit agus ar na húdaráis phoiblí faisnéis chruinn, fhianaise-bhunaithe, maidir le frithghiniúint a sholáthar agus straitéisí a bhunú chun dul i ngleic le bacainní, miotais, stiogma agus míthuiscintí agus chun iad a dhíbirt; á iarraidh ar na Ballstáit cláir agus feachtais ardaithe feasachta maidir le roghanna frithghiniúnacha nua-aimseartha agus réimse iomlán na bhfrithghiniúnach a bhunú, agus seachadadh agus comhairleoireacht seirbhíse frithghiniúnaigh nua-aimseartha ardcháilíochta ag gairmithe cúraim sláinte a sholáthar, lena n-áirítear frithghiniúint éigeandála gan oideas, i gcomhréir le caighdeáin EDS, a shéanann dochtúirí go minic i dtíortha áirithe ar fhorais creidimh phearsanta;

***d) Cúram ginmhillte sábháilte dlíthiúil atá fréamhaithe i sláinte agus cearta na mban***

33. ag athdhearbhú nach mór an ghinmhilleadh a bheith ina chinneadh deonach i gcónaí bunaithe ar iarraidh ó dhuine, arna tabhairt dá ndeoin féin, i gcomhréir le caighdeáin leighis agus infhaighteacht, inrochtaineacht, inacmhainneacht agus sábháilteacht bunaithe ar threoirlínte EDS agus á iarraidh ar na Ballstáit rochtain uilíoch ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil a áirithiú, mar aon le hurraim don cheart chun na saoirse, an phríobháideachais agus an chúraim sláinte is fearr is féidir a fháil;

34. ag tathant ar na Ballstáit an ginmhilleadh a dhíchoiriúlú, agus freisin bacainní ar ghinmhilleadh dlíthiúil a bhaint agus a chomhrac, agus ag meabhrú go bhfuil sé de fhreagracht orthu a áirithiú go mbeidh rochtain ag mná ar na cearta a thugtar dóibh leis an dlí; ag tathant ar na Ballstáit na modhanna atá ann cheana a fheabhsú agus scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna nua chun cúram a bhaineann le SRHR a sholáthar agus ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí i soláthar seirbhísí a tháinig chun solais de bharr COVID-19, agus an méid sin a dhéanamh do chách, agus béim ar leith á leagan ar na grúpaí is imeallaithe; ag tathant ar an gCoimisiún cosaint SRHR a chur chun cinn tríd an gcéad Straitéis Sláinte eile de chuid an Aontais;

35. á iarraidh ar na Ballstáit a bhforálacha dlíthiúla náisiúnta maidir le ginmhilleadh a athbhreithniú agus iad a thabhairt i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus dea-chleachtais réigiúnacha maidir le cearta an duine[24] agus trína áirithiú go mbeidh ginmhilleadh arna iarraidh sin dleathach i gcás toircheas luath agus, nuair is gá, níos faide ná sin má tá sláinte nó beatha an duine atá torrach mbaol; ag meabhrú gur cineál foréigin inscnebhunaithe[25] é toirmeasc iomlán ar chúram ginmhillte nó séanadh cúraim ginmhillte agus ag tathant ar na Ballstáit dea-chleachtais sa chúram sláinte a chur chun cinn trí sheirbhísí SRH infhaighteacha a bhunú ar leibhéal an chúraim phríomhúil, agus córais tarchuir i bhfeidhm don chúram ardleibhéil uile is gá;

36. ag aithint go bhféadfaidh dochtúirí, ar chúiseanna pearsanta, clásal coinsiasa a agairt; á chur i bhfáth, áfach, nach bhféadfaidh clásal coinsiasa duine aonair an bonn a bhaint ó cheart othair rochtain iomlán a fháil ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar sholáthraithe cúraim sláinte na himthosca sin a chur san áireamh ina soláthar geografach seirbhísí cúraim sláinte;

37. á chur in iúl gur oth léi go bhfágann an gnás coitianta sna Ballstáit uaireanta gur féidir le cleachtóirí leighis, agus institiúidí leighis ina n-iomláine ar uairibh, diúltú seirbhísí sláinte a sholáthar ar bhonn an chlásail coinsiasa, mar a thugtar air, rud a fhágann go séantar cúram ginmhillte ar bhonn reiligiúin nó coinsiasa, rud a chuireann beatha agus cearta na mban i mbaol; ag tabhairt dá haire gur minic a úsáidtear an clásal sin i gcás ina bhféadfadh moill ar bith beatha nó sláinte an othair a chur i mbaol;38. ag tabhairt dá haire go gcuireann an clásal coinsiasa sin bac freisin ar rochtain ar scagadh réamhbhreithe, ar sárú é ní hamháin ar cheart na mban chun faisnéise maidir le bhail an tsutha, ach freisin a chuireann bac, i mórán cásanna, ar chóireáil rathúil linbh le linn toirchis nó díreach ina dhiaidh sin; á iarraidh ar na Ballstáit bearta rialála agus forfheidhmithe éifeachtacha a chur chun feidhme lena n-áirithítear nach gcuirfidh an clásal 'coinsiasa' rochtain thráthúil na mban ar chúram SRH i mbaol;

***e) Rochtain ar chóireálacha torthúlachta***

39. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag an uile dhuine atá in aois atáirgthe ar chóireálacha torthúlachta, gan beann ar a stádas socheacnamaíoch nó pósta,

---

[24] Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (HRC), Barúil Ghinearálta Uimh. 36 (2018), HRC: Mellet v. Éire, Teachtaireacht Uimh. 2324/2013 (2016) agus Whelan v. Éire, Teachtaireacht Uimh. 2425/2014 (2017); HRC: K. L. v. Peiriú, Teachtaireacht Uimh. 1153/2003 (2005) agus L. M. R. v. an Airgintín, Teachtaireacht Uimh. 1608/2007 (2011); CEDAW (2017), Moladh Ginearálta Uimh. 35; An Coiste um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha (2016), Barúil Ghinearálta Uimh. 22; Tuarascáil ón Meitheal um shaincheist an idirdhealaithe in aghaidh na mban sa dlí agus sa chleachtas, A/HRC/32/448, 8 Aibreán 2016; Ráiteas Comhpháirteach ó Nósanna Imeachta Speisialta na Náisiún Aontaithe, Lá Idirnáisiúnta an Ghinmhillte Shábháilte, 28 Meán Fómhair 2016; Moladh Ginearálta Uimh. 35 ó CEDAW; Moladh Ginearálta Uimh. 30 ó CEDAW; CEDAW, L. v. Peiriú, Teachtaireacht Uimh. 22/2009 (2011).

[25] https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Women/WRGS/SexualHealth/INFO_Abortion_WEB.pdf

a bhféiniúlacht inscne nó a ngnéaschlaonadh; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé grinnscrúdú a dhéanamh ar an torthúlacht in AE mar shaincheist sláinte poiblí, agus ar a leitheadúla atá an neamhthorthúlacht agus an fhothorthúlacht, rud atá deacair agus pianmhar do go leor teaghlach agus daoine; á iarraidh ar na Ballstáit cur chuige iomlánaíoch ceartbhunaithe, cuimsitheach agus neamh-idirdhealaitheach a ghlacadh i leith na torthúlachta, lena n-áirítear bearta chun neamhthorthúlacht a chosc, agus comhionannas rochtana ar sheirbhísí a áirithiú do gach duine atá in aois atáirgthe, agus atáirgeadh le cuidiú míochaine a chur ar fáil agus a dhéanamh inrochtana san Eoraip;

***f) Cúram máithreachais, toirchis agus breithe do chách***

40. á iarraidh ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh rochtain gan idirdhealú ann ar chúram máithreachais toirchis agus breithe do chách, ar cúram é a bheidh d'ardcháilíocht, inrochtana, fianaise-bhunaithe agus urramach, lena n-áirítear cnáimhseachas, cúram réamhbhreithe, breithe linbh agus iarbhreithe, agus tacaíocht meabhairshláinte máthartha, i gcomhréir le caighdeáin agus fianaise reatha EDS, agus, dá réir sin, athchóiriú a dhéanamh ar dhlíthe, beartais agus cleachtais lena n-eisiatar grúpaí áirithe ó rochtain ar chúram máithreachais, toirchis agus breithe, lena n-áirítear trí dheireadh a chur le srianta idirdhealaitheacha dlíthiúla agus beartais a bhfuil feidhm acu ar fhorais an ghnéaschlaonta nó na féiniúlachta inscne, na náisiúntachta, an bhunaidh chiníoch nó eitnigh agus an stádais imirce;

41. á iarraidh ar na Ballstáit a seacht ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramófar cearta na mban agus a ndínit i mbreith clainne, agus chun mí-úsáid fhisiciúil agus bhriathartha a cháineadh go láidir agus a chomhrac, lena n-áirítear foréigean gínéiceolaíoch agus cnáimhseach, mar aon le haon fhoréigean inscnebhunaithe eile sa chúram réamhbhreithe, breithe linbh agus iarbhreithe, rud a sháraíonn cearta na mban agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcineál foréigin inscnebhunaithe;

42. á iarraidh ar an gCoimisiún comhchaighdeáin AE a fhorbairt sa chúram máithreachas, toirchis agus breithe, agus comhroinnt dea-chleachtas i measc saineolaithe sa réimse a éascú; á iarraidh ar na Ballstáit a mholadh agus a áirithiú go gcuirfear oiliúint i gcearta daonna na mban agus i bprionsabail an tsaorthoilithe fheasaigh agus na rogha feasaí i gcúram máithreachais, toirchis agus breithe ar sholáthraithe cúraim sláinte;

43. ag meabhrú go bhfuil an ráta cothaithe cíche is ísle sa domhan i réigiún Eorpach EDS; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le breis feasachta ar thairbhí an chothaithe cíche mar aon le breis faisnéise orthu; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún feachtais ardphróifíle a sheoladh chun béim a leagan ar thairbhí an chothaithe cíche;

***Seirbhísí SRHR a sholáthar le linn phaindéim COVID-19 agus sna himthosca uile eile a bhaineann le géarchéimeanna***

44. á chur i bhfios go bhfuil AE agus ag a Bhallstáit i ngreim ag géarchéim eacnamaíoch agus shóisialta, sa bhreis ar an ngéarchéim sláintíochta; ag tathant ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar an tsláinte trí lionsa inscne agus a áirithiú go leanfar de réimse iomlán de sheirbhísí SRH a sholáthar trí na córais sláinte sna himthosca uile, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine; ag áitiú go gcuirfear i gcoinne aon iarrachtaí ar shrian a chur le SRHR le linn na paindéime agus ina diaidh; á iarraidh freisin ar na Ballstáit iarrachtaí agus acmhainní breise a dhíriú ar chóras sláinte a atógáil lena n-aithnítear go bhfuil SRHR bunriachtanach do shláinte agus dea-bhail an uile dhuine;

45. ag aithint go raibh éifeachtaí ag paindéim COVID-19 ar sholáthar frithghiniúnach agus

ar an rochtain orthu, agus ag athdhearbhú réamh-mheastacháin UNFPA ó mhí Aibreáin 2020, ina luaitear go meastar nach mbeidh 47 milliún bean in 114 thír ísealioncaim agus meánioncaim in ann frithghiniúnaigh nua-aimseartha a úsáid má leantar den ghaibhniú nó má chuirtear isteach ar an slabhra soláthair ar feadh sé mhí;

46. ag tathant ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain iomlán ann ar an bhfrithghiniúint le linn phaindéim COVID-19 agus, trí iarrachtaí comhpháirteacha, cosc a chur ar shuaitheadh i slabhraí táirgthe agus soláthair; ag leagan béim ar shamplaí den dea-chleachtas amhail frithghiniúnaigh inrochtana do gach bean atá faoi bhun aoisghrúpa áirithe agus/nó teilea-chomhairliúcháin maidir le frithghiniúnaigh a rochtain;

47. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil fós teoranta le linn phaindéim COVID-19, agus samplaí ann d'iarrachtaí ar chosc iomlán a chur air ag cur i gcéill gur seirbhís tosaíochta íseal é[26]; ag tathant ar na Ballstáit rochtain shábháilte, shaor in aisce agus choigeartaithe ar an nginmhilleadh a chur chun feidhme le linn phaindéim COVID-19 agus ina diaidh, amhail an piolla ginmhillte, agus aitheantas a thabhairt don chúram ginmhillte mar chúram práinne agus mar ghnáthamh leighis, agus, ar an gcaoi sin, diúltú freisin do na srianta uile atá ann maidir le rochtain a fháil air;

48. ag leagan béim ar iarmhairtí diúltacha na paindéime don chúram máithreachais, toirchis agus breithe de réir mar a dhíríonn córais sláinte ar dhul i ngleic le COVID-19, agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil athruithe do-ghlactha á ndéanamh ar sholáthar cúraim toirchis agus breithe, nach bhfuil bunaithe ar fhianaise eolaíoch, ar threoirlínte EDS ná ar threoirlínte na n-eagraíochtaí gairmiúla Eorpacha ábhartha, agus nach bhfuil na hathruithe sin comhréireach leis an bhfreagairt ar phaindéim COVID-19 a theastaíonn[27]; ag tathant ar na Ballstáit acmhainní leormhaithe a áirithiú don chúram ardcháilíochta máithreachais, toirchis agus breithe;

49. ag tathant ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain iomlán ann ar chóireálacha torthúlachta agus ar chúram torthúlachta le linn phaindéim COVID-19 agus cosc a chur ar bhac a bheith ann ar chóireálacha torthúlachta a thairiscint, rud a bheidh ina shiocair le níos lú leanaí a bheith ag teacht chun an tsaoil de thoradh cóireálacha atáirgthe cuidithe agus, mar thoradh air sin, a d'fhéadfadh a gceart chun iarracht a dhéanamh leanbh a bheith acu a bhaint de dhaoine áirithe scun scan;

50. á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar thionchar cúinsí éigeandála amhail COVID-19 ar shaincheisteanna cúraim sláinte a bhaineann go sonrach le hinscne, amhail rochtain ar SRHR san Aontas ina fhreagairt beartais a bhaineann leis an tsláinte; á iarraidh freisin ar an gCoimisiún a aithint go bhfuil SRHR fréamhaithe i gcearta daonna bunúsacha agus, dá réir sin, gur tosaíocht iad le linn na géarchéime sláinte reatha agus go mbeidh siad ina dtosaíocht ina diaidh, agus na bearta uile is gá a dhéanamh, lena n-áirítear trí thacú le gníomhaíochtaí ag na Ballstáit agus ag eagraíochtaí den tsochaí shibhialta ar cás leo SRHR, chun rochtain iomlán ar sheirbhísí

---

[26] Moreau, C., Shankar M., Glasier, A., et al., *Abortion regulation in Europe in the era of COVID-19: a spectrum of policy responses [Rialú an Ghinmhillte san Eoraip i ré COVID-19: réimse freagairtí beartais]*, *BMJ Sexual & Reproductive Health*, 22 Deireadh Fómhair, ar fáil ag: https://srh.bmj.com/content/familyplanning/early/2021/02/22/bmjsrh-2020-200724.full.pdf

[27] Cearta Daonna i mBreith Clainne, *Human Rights Violations in Pregnancy, Birth and Postpartum during the COVID-19 Pandemic [Sáruithe ar Chearta an Duine le linn Toirchis, Breithe agus Iarthuismidh i gcaitheamh phaindéim COVID-19]*, San Francisco, an 6 Bealtaine 2020, ar fáil ag: http://humanrightsinchildbirth.org/wp-content/uploads/2020/05/Human-Rights-in-Childbirth-Pregnancy-Birth-and-Postpartum-During-COVID19-Report-May-2020.pdf

SRHR a ráthú, agus acmhainní amhail CSE+ agus an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna á gcur san áireamh;

***SRHR mar cholúin den chomhionannas inscne, den daonlathas agus de dhíothú an fhoréigin inscnebhunaithe***

51. á iarraidh ar na Ballstáit a n-inniúlacht a fheidhmiú in SRHR trí iarracht a dhéanamh ar chearta an duine a chosaint go hiomlán, a urramú agus a chomhlíonadh, go sonrach an ceart chun na sláinte i dtaca le SRHR, agus raon leathan de sheirbhísí SRH infhaighteacha, inrochtana, ardcháilíochta agus atá neamh-idirdhealaitheacha atá ar fáil do chách gan idirdhealú a ráthú, amhail cóireálacha do thorthúlacht agus do ghalair ghéiniteacha le caomhnú gaiméite, lena n-áirithítear go n-urramófar prionsabal na neamh-aischéimnitheachta faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, lena n-áirítear do dhaoine aonair ar gá dóibh taisteal chun cóireáil a fháil, amhail daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta agus sna réigiúin is forimeallaí; ag cáineadh aon iarracht ar rochtain ar SRHR a theorannú trí dhlíthe sriantacha; ag dearbhú go láidir gur cineál foréigin inscnebhunaithe é rochtain ar SRHR a shéanadh[28];

52. á iarraidh ar an gComhairle foirmíocht a bhunú i ndáil leis an gComhionannas Inscne lena ndéanfaí airí agus rúnaithe stáit atá i gceannas ar chomhionannas inscne a thabhairt le chéile i bhfóram tiomnaithe aonair chun bearta coiteanna agus nithiúla a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i réimse chearta na mban agus an chomhionannais inscne, lena n-áirítear SRHR, agus chun a áirithiú go ndéanfar saincheisteanna comhionannais inscne a phlé ar an leibhéal polaitiúil is airde;

53. ag leagan béim ar na hiarmhairtí sláinte fíordhíobhálacha agus fíoréagsúla atá ag an bhforéigean inscne, ar ina leith a léiríodh go bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha fisiciúla agus intinne a bheith mar thoradh air, lena n-áirítear neamhoird ghínéiceolaíocha agus torthaí toirchis díobhálacha; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeidh cosaint chuí agus acmhainní leormhaithe ann d’íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, agus go mbeidh níos mó acmhainní ann agus go ndéanfar gníomhaíocht éifeachtach chun na críche sin;

54. á chur i bhfáth go bhfuil roinnt nasc ann idir an striapachas agus an gháinneáil, agus ag aithint gur siocair é an striapachas – san Aontas agus ar fud an domhain – leis an ngáinneáil ar mhná agus mionaoisigh leochaileacha;

55. á iarraidh ar an gCoimisinéir um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht cur chuige atá bunaithe ar fhianaise agus ar chearta an duine a ghlacadh i leith dúshláin dhéimeagrafacha in AEa chomhrac, lena n-áiritheofar gur féidir le gach cónaitheoir AE, lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí i gceantair iargúlta, amhail na réigiúin is forimeallaí a SRHR a fhíorú go hiomlán, agus aird ar leith a thabhairt orthu siúd a dhéanann ionstraimiú ar SRHR  chun an bonn a bhaint ó luachanna an Aontais agus ó phrionsabail an daonlathais, agus aghaidh a thabhairt orthu;

56. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisinéir um Shláinte agus Sábháilteacht Bia cosaint SRHR a éascú agus a chur chun cinn mar ghné ríthábhachtach i ndáil leis an gceart chun na sláinte, na sábháilteachta agus an chomhionannais inscne a bhaint amach; faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme iomlán SDG 3, lena n-áirítear sprioc 3.7, san Aontas, agus é a chur chun cinn, trí úsáid a bhaint as creat táscaire domhanda na Náisiún Aontaithe; i gcomhar leis na Ballstáit, sonraí córasacha, inchomparáide, imdhealaithe a

[28] OHCHR, Sraith faisnéise ar Shláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe, ar fáil ag: https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Women/WRGS/SexualHealth/INFO_Abortion_WEB.pdf

bhailiú agus staidéir a dhéanamh chun tomhas níos fearr a dhéanamh ar éagothromaíochtaí inscne sa tsláinte agus i riachtanais nach bhfuiltear ag freastal orthu sa rochtain ar sheirbhísí SRH in AE, agus sin a dhéanamh de réir dearcadh trasnach; faisnéis agus oideachas sláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le SRH; tacú le cóineasú suas caighdeán agus beartas cúraim sláinte chun neamhionannais sláinte a laghdú laistigh de na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus, i bhfianaise gur díol sásaimh é seirbhísí SRH a bheith ar áireamh sa Chlár EU4Health, tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát agus eagraíochtaí den tsochaí shibhialta ar cás leo SRHR rochtain ar sheirbhísí SRH a bhaint amach tríd an gclár; á chur i bhfáth gur gá borradh nach beag a chur faoin infheistíocht san uile sheirbhís, go háirithe sa chúram sláinte, chun rannchuidiú le neamhspleáchas, comhionannas agus fuascailt na mban;

57. á iarraidh ar an Coimisinéir um Chomhionannas cosaint SRHR a éascú agus a chur chun cinn agus iad a áireamh i gcur chun feidhme Straitéis AE maidir le Comhionannas Inscne agus Straitéis AE um Chomhionannas LADTIA; an cúlú ar chearta na mban a cháineadh go láidir agus bearta nithiúla a fhorbairt chun dul i ngleic leis; aitheantas a thabhairt do na dlúthnaisc idir SRHR a bhaint amach, comhionannas inscne a bhaint amach agus foréigean inscne-bhunaithe a chomhrac, agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme iomlán SDG 5, lena n-áirítear sprioc 5.6, san Aontas, agus é a chur chun cinn; an inscne a phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais; tacú le gníomhaíochtaí eagraíochtaí sin na sochaí sibhialta ar cás leo SRHR; malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit agus geallsealbhóirí maidir le gnéithe inscne na sláinte, lena n-áirítear SRHR, a éascú agus a chur chun cinn; agus sineirgí idir EU4 Health agus Straitéis AE maidir leis an gComhionannas Inscne a éascú; á chur i bhfáth gur cheart an Clár EU4Health a phríomhshruthú ó thaobh inscne de, gur cheart an laofacht inscne a chur san áireamh ann agus gur cheart go bhforbrófaí, faoina chuimsiú, cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de i leith na feasachta ar ghalair, i leith na scagthástála, i leith an fáthmheasa agus i leith na cóireála; á chur i bhfáth, thairis sin, gur cheart, in aon straitéis chomhionannais, aghaidh a thabhairt ar gach cineál foréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear cúlú ar SRHR na mban agus sáruithe air;

58. á iarraidh ar an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta seasamh leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt agus leis na SFInna, go háirithe sprioc 3.7, 5.6 agus sprioc 16, chun a áirithiú go leanfaidh SCGA de bheith ina thosaíocht forbartha i ngníomhaíochtaí seachtracha uile an Aontais agus freisin i gcaidreamh seachtrach an Aontais; á chur in iúl gur geal léi an tiomantas i leith SRHR a chur chun cinn sa Phlean Gníomhaíochta Inscne III nua agus ar iarraidh ar an Coimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta bearta nithiúla a mholadh chun an cuspóir sin a chomhlíonadh; ag leagan béim ar an ngá atá ann tosaíocht a thabhairt do dheireadh a chur leis na bacainní uile atá ar rochtain a fháil ar sheirbhísí SRHR ina bheartas forbartha;

59. á iarraidh ar an gCoimisinéir um ár nDóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn a áirithiú go mbeidh an Toscaire Speisialta nua um an tSaoirse Reiligiúin agus Creidimh tiomanta do chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine, agus, ar an gcaoi sin, SRHR a urramú, agus tiomanta do bheith ag obair go comhpháirteach chun an ceart chun na sláinte a ráthú do chách, san Aontas agus ar fud an domhain, gan aon idirdhealú;

60. á iarraidh ar an gCoimisinéir um Bainistiú Géarchéime gné maidir leis an gcomhionannas inscne a áireamh i bhfreagairt cabhrach daonnúla AE agus na mBallstát, mar aon le gné maidir le SRHR, toisc go bhfuil rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe ina bunriachtanas do dhaoine i dtimpeallachtaí daonnúla;

61. á iarraidh go ndéanfar cleachtais dhíobhálacha amhail FGM agus CEFM a dhísciú

láithreach; á chur i bhfáth gur sárú ar chearta an duine gurb ea CEFM agus gur minic cailíní óga leochaileach i leith an fhoréigin, an idirdhealaithe agus na mí-úsáide mar thoradh air; á chur in iúl gur cúis mhór imní di gur cuireadh iallach ar níos mó ná 200 milliún cailín agus bean ar fud an domhain dul faoi FGM, agus gurb amhlaidh, mar gheall ar phaindéim COVID-19, a mheastar go mbeidh moill ar chláir for-rochtana pobail agus ar oideachas maidir le cleachtais dhíobhálacha ar fud an domhain, agus briseadh sna cláir sin agus san oideachas sin, ina siocair le dhá mhilliún cás breise de FGM agus 13 milliún pósadh leanaí breise sna deich mbliana amach romhainn i gcomparáid leis na meastacháin a rinneadh roimh an bpaindéim;

62. á iarraidh go ndéanfaidh pearsanra atá oilte agus tuisceanach ó thaobh an ilchultúir de rochtain iomlán ar chúram fisiceach agus síceolaíoch a sholáthar; ag tathant ar thíortha uile AE Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú; á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar na sineirgí idir cláir inmheánacha agus cláir sheachtracha AE chun a áirithiú go nglacfar cur chuige comhleanúnach fadtéarmach i leith deireadh a chur le FGM laistigh de AE agus lasmuigh de; ag athdhearbhú, go háirithe, gur iarradh go n-ionchorprófaí bearta coiscthe FGM sna réimsí beartais uile, go háirithe sa tsláinte, sa tearmann, san oideachas, san fhostaíocht agus san idirphlé le tríú tíortha maidir le cearta an duine;

63. ag meabhrú go mbíonn roinnt cailíní atá ina gcónaí in AE i mbaol FGM agus cuairt á tabhairt acu ar a dtír thionscnaimh, go príomha le linn cuairteanna teaghlaigh; á mheas go bhfuil sé tábhachtach go roinnfeadh na Ballstáit go léir, lena n-áirítear riaracháin réigiúnacha agus áitiúla, a ndea-chleachtais maidir le prótacail chun cosc a chur ar FGM a dhéantar ar chailíní a théann chuig tíortha nó réigiúin ina ndéantar FGM a chleachtadh go forleathan; á iarraidh ar na Ballstáit uile nach bhfuil sé déanta fós acu dlí coiriúil sonrach maidir le FGM a achtú chun íospartaigh a chosaint agus an choir sin a ionchúiseamh ar bhealach níos éifeachtaí nuair a dhéantar í lasmuigh dá gcríocha;

64. á iarraidh ar AE tacú le hionaid sláinte agus pleanála teaghlaigh i dtíortha comhpháirtíochta d'fhonn faisnéis a mhalartú, d'fhonn geasa a baineann le míostrú, gnéasacht agus tuismeadh a dhísciú, agus d'fhonn fir óga a rannpháirtiú go hiomlán sa chomhrac i gcoinne steiréitíopaí agus geas; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar infhaighteacht modhanna frithghiniúna i dtíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe do chailíní sna déaga atá níos mó i mbaol castachtaí le linn toirchis; á dhearbhú go bhfuil na mná agus na cailíní go léir i dteideal a roghanna saora agus eolasacha féin a dhéanamh maidir lena sláinte ghnéis agus atáirgthe agus maidir lena saol;

65. á iarraidh go n-áiritheofar rannpháirtíocht na gcailíní agus na mban san oideachas, ós rud é gur uirlis bhunriachtanach é sin le haghaidh chumhachtú sóisialta agus eacnamaíoch na mban; á iarraidh go ndéanfar iarrachtaí ar an neamhláithreacht i measc na gcailíní le linn a míostraithe a laghdú, trí fheabhas a chur ar shaoráidí sláinteachais míosta i scoileanna, go háirithe seirbhísí WASH, agus tríd an stiogmatú a chomhrac; á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go mbeidh rochtain ar bhonneagar WASH leormhaith i scoileanna chun SRH a áirithiú, bíodh sé sin i ndáil le frithghiniúint, i ndáil le toircheas, i ndáil le breith clainne, i ndáil le ginmhilleadh, i ndáil le galair ghnéas-tarchurtha nó i ndáil le sláinteachas míosta;

66. á iarraidh go mbainfear leas as acmhainneacht uirlisí cumarsáide amhail raidió, teilifís agus an teileafón, agus as uirlisí digiteacha freisin, lena n-áirítear líonraí sóisialta agus seirbhísí teachtaireachtaí, chun feabhas a chur ar rochtain daoine óga ar an oideachas gnéasachta, agus go háirithe chun feabhas a chur ar a bhfeasacht ar ghalair ghnéas-

tarchurtha agus ar na rioscaí a bhaineann le toircheas luath; á mheas go gcaithfear, chun an méid sin a bhaint amach, aghaidh a thabhairt ar neamh-chomhionannas inscne sa rochtain ar sheirbhísí digiteacha, mar aon leis an gcibearbhulaíocht agus leis an bhforéigean in aghaidh ban agus cailíní ar an idirlíon;

67. á iarraidh go ndéanfar, le Plean Gníomhaíochta Inscne III AE (GAP III), níos mó béime a leagan ar a réimse beartais théamaigh SRHR i bhfianaise thionchar ábhalmhór phaindéim COVID-19 ar mhná agus ar chailíní i dtíortha atá i mbéal forbartha; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé cur chun cinn an chirt atá ag gach duine aonair smacht iomlán a bheith aige ar nithe a bhaineann lena ngnéasacht agus le SRH, agus cinntí saora agus freagracha a dhéanamh ina leith, a neartú;

68. á iarraidh ar na Ballstáit a ghealladh go ndéanfaidh siad cuspóirí GAP III a chomhlíonadh, go háirithe maidir le SRHR; á iarraidh go ndéanfaidh AE agus na Ballstáit ‘pleananna cur chun feidhme ar leibhéal na dtíortha’ a ullmhú ina dtabharfar tosaíocht do SRHR, ina ndéanfar táscairí intomhaiste a chur i bhfeidhm agus ina n-áireofar sásraí faireacháin; á iarraidh ar thoscaireachtaí AE tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí maidir le SRHR agus GAP III á chur chun feidhme acu;

69. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit cistiú leormhaith agus dea-spriocdhírithe do SRHR a ráthú ina mbeartas maidir leis an gcomhar um fhorbairt agus ina n-ionstraimí gníomhaíochta seachtraí, amhail an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar na Ballstáit, ina leith sin, féachaint ar SRHR mar thosaíocht i bpróiseas clársceidealaithe AE, lena n-áirítear sa chlársceidealú comhpháirteach;

70. á chur i bhfáth gur den riachtanas é a áirithiú go mbeidh baint ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, atá rannpháirteach go díreach i gcosaint SRHR i dtíortha atá i mbéal forbartha, leis an mbeartas maidir le comhar um fhorbairt;

71. á chreidiúint gur gá do AE comhtháthú sheirbhísí SRHR i straitéisí agus beartais sláinte poiblí náisiúnta tíortha comhpháirtíochta a éascú; ag meabhrú, agus é ina ábhar imní di, gur i measc déagóirí, daoine neamhphósta, daoine LADTIA, daoine faoi mhíchumas, daoine ar de mhionlaigh agus de ghrúpaí eitneacha mionlaigh iad, agus daoine bochta i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha atá na riachtanais is mó nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu ó thaobh seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe de; á chur i bhfáth gur cheart seirbhísí SRHR a bheith freagrach ó thaobh inscne de, bunaithe ar chearta, fabhrach don óige agus ar fáil do chách, gan beann ar aois, ar ghnéas, ar fhéiniúlacht inscne, ar ghnéaschlaonadh, ar chine, ar aicme shóisialta, ar reiligiún, ar stádas pósta, ar acmhainní eacnamaíocha, ar bhunadh náisiúnta nó sóisialta nó ar mhíchumais, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna daonnúla le linn coinbhleachtaí agus tubaistí;

72. á iarraidh ar na Ballstáit cur i gcoinne an idirdhealaithe i seirbhísí SRHR agus leas a bhaint as cur chuige trasnach chun a chinntiú go mbeidh rochtain chothrom ar sheirbhísí agus cearta SRHR ag mná agus cailíní (mná agus cailíní trasinscneacha agus cisinscneacha araon), daoine neamh-dhénártha, agus mná leispiacha, déghnéasacha agus idirghnéasacha;

73. á chur i bhfios go bhfuil mná agus cailíní go mór i mbaol an éignithe agus an fhoréigin ghnéasaigh i limistéir atá buailte ag géarchéim, lena n-áirítear i gcomhthéacs coinbhleachtaí, tubaistí nádúrtha agus iarmhairtí an athraithe aeráide; á iarraidh go ndéanfaidh AE dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne úsáid an éignithe mar arm cogaidh agus a ráthú go mbeidh rochtain ag íospartaigh an éignithe ar sheirbhísí sláinte

gnéis agus atáirgthe;

74. á iarraidh ar an gCoimisiún cúlú chearta agus SRHR na mban agus SRHR a cháineadh go láidir, agus leas a bhaint as a chumas iomlán chun neartú a dhéanamh a chuid gníomhaíochtaí chun é a chomhrac; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena dtacaíocht pholaitiúil do chosantóirí chearta an duine, do sholáthraithe cúraim sláinte atá ag obair chun SRHR, cearta na mban agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar cás leo SRHR, ar príomhghníomhaithe iad do shochaithe atá comhionann ó thaobh inscne de agus do sholáthraithe ríthábhachtacha seirbhísí agus faisnéise SRH, go háirithe iad siúd atá ag obair i gcomhthéacsanna dúshlánacha san Eoraip, a chur chun cinn, agus freisin faireachán leanúnach a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais leormhaith agus a leithdháileadh dá réir, trí na cláir leanúnacha amhail an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna;

75. á iarraidh ar an gCoimisiún an buiséadú inscne a chur chun feidhme in ionstraimí uile an chreata airgeadais ilbhliantúil, 2021-2027, lena n-áirítear na Saoránaigh, an Comhionannas, Cearta agus Luachanna, CSE+ agus an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta;

76. iarraidh ar an gCoimisiún céimeanna nithiúla a ghlacadh ionsar SRHR a chosaint, ag tosú le Toscaire Speisialta de chuid an Aontais maidir le Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe a bhunú mar aon le caibidil ainmnithe ar 'An staid mar atá maidir le SRHR' a áireamh i dTuarascáil Bhliantúil AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas;

°

° °

77. Á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe agus cearta (SCGA) ar cheann de na príomh-shaincheisteanna sa phlé ar chearta an duine agus tá siad doscartha ó thabhairt i gcrích an chirt bhunúsaigh chun sláinte, chomh maith le comhionannas inscne a bhaint amach agus foréigean inscnebhunaithe a dhíothú.

Eisítear an tuarascáil seo ag tráth ríthábhachtach in AE, am atá an fhrithfhreagairt agus an cúlchéimniú i gcearta na mban ag méadú go mór agus ag cur le creimeadh na gceart atá faighte cheana agus ag cur sláinte na mban i mbaol. Chuir an Pharlaimint a himní in iúl maidir leis an tsaincheist sin, le déanaí sa Rún maidir le frithfhreagairt i gcoinne chearta na mban[29], lena sainaithnítear SCGA mar cheann de na príomhréimsí a bhfuiltear ag díriú air.

Ina theannta sin, i bhfianaise na n-imthosca a bhaineann le paindéim COVID-19 agus na n-iarmhairtí tubaisteacha a bheidh aici, mar aon le dúshláin agus deiseanna chun an Eoraip a

[29] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2019-0111_EN.html

athbhunú i ndiaidh na géarchéime seo, tá freagracht phráinneach ar na hinstitiúidí aghaidh a thabhairt ar shaincheist SCGA san idirphlé ar mhaithe leis an Eoraip a bheith níos láidre, níos fearr agus níos nasctha amach anseo. I bhfianaise an méid sin, ní mór dúinn aird a thabhairt ar an bhfíric gur diúltaíodh rochtain ar sheirbhísí SGA do mhná agus do chailíní ar fud an domhain le linn na géarchéime sláinte, leis an dúmas bréige gur lú an tosaíocht agus cáilíocht mhíochaine neamhphráinneach a bhí ann. Beidh sé mar aidhm ag an tuarascáil seo a iarraidh ar AE, ar institiúidí agus ar Bhallstáit srian a chur ar ghníomhaíochtaí den sórt sin agus a aithint go hiomlán gur cearta an duine iad sláinte gnéis agus atáirgthe agus, dá réir sin, nach mór an caighdeán is airde a bhaint amach i ngach uile chás – le linn na géarchéime sláinte agus ina dhiaidh sin, gan idirdhealú a dhéanamh do gach duine aonair.

I bhfianaise na staide reatha san Aontas, tá institiúidí an Aontais freagrach as SCGA a chur chun cinn agus tacú leis, chomh maith le folláine, sláinte, sábháilteacht agus beatha na mban ar an iomlán. Mar a luaitear sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le coiriúlú an ghnéasoideachais sa Pholainn[30], agus i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD) agus le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, baineann sláinte gnéis agus atáirgthe (SGA) na mban leis an iliomad cearta daonna agus tá freagracht ar na Ballstáit agus ar institiúidí an Aontais SCGA ar ardchaighdeán a ráthú. Ní mór seasamh comhpháirteach an Aontais a bheith bunaithe ar chearta an duine agus i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta uile chearta an duine. Tá tionchar díreach ag an bhfrithfhreagairt i gcoinne chearta na mban ar phróisis an dídhaonlathaithe in AE, ós rud é go bhfuil siad comhordaithe ag gníomhaithe a dhéanann ionstraimiú ar SCGA chun cuspóirí déimeagrafacha mar a thugtar orthu a bhaint amach, rud a chuireann le creimeadh an daonlathais agus saoirsí pearsanta. Ní féidir ceist SCGA mar shaincheist chearta an duine a scaradh ó cheist an daonlathais toisc gur creat é ó na daoine do na daoine nach féidir a chomhlíonadh gan an caighdeán is airde cosanta do chearta an duine.

Tagann SCGA faoi inniúlachtaí na mBallstát agus dá réir sin, tá sé de fhreagracht orthu rochtain ar réimse iomlán de sheirbhísí SCGA a áirithiú. Aithnítear cearta gnéis agus atáirgthe (CGA) mar chearta an duine sa dlí idirnáisiúnta agus sa dlí Eorpach um chearta an duine[31] agus is sáruithe ar chearta an duine iad sáruithe ar SCGA. Is dúshláin chomhchoiteanna Eorpacha iad na dúshláin uile a bhaineann le SCGA sna Ballstáit. Ní saincheist pholaitiúil agus shóisialta don Aontas amháin atá anseo ach saincheist sláinte freisin nach mór di cur chuige aontaithe a chomhcheangal.

Aithníonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) an gá atá le rochtain uilíoch ar CGA mar chuid den cheart chun sláinte[32] agus athdhearbhaíonn sí an gealltanas a rinneadh i gClár gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt[33] (CIDF) chun rochtain uilíoch ar sheirbhísí CGA a áirithiú. Ní ceart go bpléifí an cheist ar cheart rochtain ar SCGA a áirithiú ach conas é sin a dhéanamh chun uilíocht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht réimse iomlán de sheirbhísí SCGA a áirithiú, lena ndéantar an ceart chun sláinte a choimirciú Díreofar sa tuarascáil sin ar roinnt príomhréimsí in SCGA, ach leagann an

---

[30] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2019-0058_EN.html

[31] Féach *Women's sexual and reproductive health and rights in Europe*, ['Sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe na mban san Eoraip'], Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, Comhairle na hEorpa, 2017, https://www.coe.int/en/web/commissioner/women-s-sexual-and-reproductive-rights-in-europe

[32] https://apps.who.int/iris/bitstream/handle/10665/331113/WHO-SRH-20.1-eng.pdf?ua=1

[33] https://www.unfpa.org/icpd

Rapóirtéir béim ar roinnt topaicí eile de chuid SCGA – nach ndéanfar a phlé go mion – ar ábhair imní iad nach mór aghaidh a thabhairt orthu, b'fhéidir trí thuarascálacha ar leith (e.g. máthairionadaíocht)

De réir Chiste Daonra na Náisiún Aontaithe[34], is éard atá san oideachas gnéasachta cuimsitheach (OGC) ná cur chuige i leith an oideachais gnéasachta atá bunaithe ar chearta agus atá dírithe ar inscne. Áirítear ann faisnéis atá cruinn ó thaobh na heolaíochta de faoi fhorbairt an duine, faoi shláinte anatamaíochta agus atáirgthe, chomh maith le faisnéis faoi fhrithghiniúint, breith clainne agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (IGTanna), lena n-áirítear VEID.

Sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le coiriúlú an ghnéasoideachais sa Pholainn[35], moladh do na Ballstáit oideachas cuimsitheach gnéasachta agus caidrimh a bheadh oiriúnach don aois a thabhairt isteach do dhaoine óga i scoileanna. Tá sé sin riachtanach chun SCGA a chomhlíonadh agus chun dul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe, le teacht i dtír gnéasach, le mí-úsáid agus le patrúin iompair mhífholláine i gcaidrimh. Tá sé níos práinní anois ná riamh rochtain iomlán a fháil ar OCG i ngach bunscoil agus meánscoil ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an líon mífhaisnéise a bhaineann le SCGA. Sampla amháin den sórt sin is ea imscrúdú a rinne openDemocracy inar léiríodh go bhfuil an fhaisnéis mhícheart á tabhairt d'aon turas do mhná ar fud an domhain, lena n-áirítear an tAontas, chun bac a chur ar a rochtain ar ghinmhilleadh.[36] Cuireann sé sin beatha na mban i mbaol agus cuireann sé bac ar a gceart chun rogha eolasach a fháil, ach déanann sé maolú freisin ó phrionsabail bhunúsacha an daonlathais agus ón gceart chun saoirse agus faisnéise. Chomh maith le dul i ngleic leis an méadú atá ag teacht ar líon na bhfeachtas agus na n-iarrachtaí maidir le mífhaisnéis d'aon turas, tá OCG ar cheann de na huirlisí chun dul i ngleic leis an bhforéigean inscnebhunaithe.

Cuireann an fhrithghiniúint ar chumas daoine roghanna eolasacha a dhéanamh faoina SGA agus, de réir EDS[37], seachnaíodh 308 milliún toircheas neamhbheartaithe in 2017 trí bhaint a úsáid as frithghiniúnaigh nua-aimseartha. Léiríonn an staid ar fud na hEorpa go bhfuil gá fós le feabhas, agus ar cheann de na réimsí is tábhachtaí tá rochtain do chách orthu siúd[38]. Le blianta beaga anuas, díríodh aird den chuid is mó ar VEID/SEIF, agus tá laghdú tagtha ar an gcistiú a chuirtear i leataobh don phleanáil teaghlaigh agus don tsláinte atáirgthe araon. Tá sé sin contúirteach agus d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith mar thoradh air[39]. Tá rochtain ar mhodhanna frithghiniúna nua-aimseartha mar chuid den cheart bunúsach chun sláinte agus, dá réir sin, ní mór í a bheith ar fáil do gach duine atá in aois atáirgthe.

Dar leis an Lárionad um Chearta Atáirgthe[40], tá 59 % de mhná in aois atáirgthe ina gcónaí i dtíortha ina gceadaítear ginmhilleadh den chuid is mó agus maireann 41 % de mhná faoi dhlíthe sriantacha. Maidir leis an Aontas, níl ach aon Bhallstát amháin ann nach gceadaíonn ginmhilleadh i gcúinsí ar bith (Málta) agus i mBallstát eile (an Pholainn) is i gcúinsí cúnga

[34] https://www.unfpa.org/comprehensive-sexuality-education
[35] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2019-0058_EN.html
[36] https://www.opendemocracy.net/en/5050/revealed-us-linked-anti-abortion-centres-lie-and-scare-women-across-latin-america/
[37] https://apps.who.int/iris/bitstream/handle/10665/329884/WHO-RHR-19.18-eng.pdf?ua=1
[38] https://www.contraceptioninfo.eu/sites/contraceptioninfo.eu/files/contraception_infographic_2019_new.pdf
[39] https://www.epfweb.org/node/110
[40] https://reproductiverights.org/worldabortionlaws

amháin a bhfuil treochtaí an-sriantach ag baint leo a cheadaítear é. Is léir gurb ann do fhrithfhreagairt i gcearta na mban agus is cúis imní é sin agus éilíonn sé freagairt láidir ón Aontas; ar cheann de phríomhspriocanna na n-ionsaithe sin, tá an ceart chun ginmhillidh shábháilte agus dhlíthiúil. Is tromchúiseach na hiarmhairtí a ghabhann leis an srian ar ghinmhilleadh. Measann EDS go dtarlaíonn 25 milliún ginmhilleadh neamhshábháilte gach bliain agus gur minic a bhíonn iarmhairtí marfacha ag gabháil leo. Ní bhíonn níos lú ginmhillte de thoradh ar shrianta dlíthiúla ar ghinmhilleadh; ina ionad sin cuirtear iallach ar mhná a mbeatha agus a sláinte a chur i mbaol trí chúram ginmhillte neamhshábháilte a lorg. De réir Institiúid Guttmacher, is ionann an ráta ginmhillte agus 37 in aghaidh gach 1 000 duine i dtíortha a chuireann cosc ar ghinmhilleadh nó nach gceadaítear é ach amháin i gcásanna ina sábháiltear beatha mná, agus 34 in aghaidh gach 1 000 duine i dtíortha ina gceadaítear ginmhilleadh den chuid is mó. Is difríocht é sin nach bhfuil suntasach ó thaobh staidrimh de.[41] San Aontas Eorpach, is minic a bhíonn de thoradh air sin go ndéanann mná taisteal chuig Ballstáit eile chun ginmhilleadh a lorg, rud a chuireann a sláinte agus a saol i mbaol.

Fiú nuair atá ginmhilleadh ar fáil go dleathach, tá bacainní ann maidir le rochtain air. Is é an toradh atá air sin ná sárú ar SCGA, ach tá míchothromaíochtaí ann freisin maidir le cearta na mban a bhaint amach ar fud an Aontais. Ar cheann de na bacainní is achrannaí tá séanadh cúraim liachta bunaithe ar chreidimh phearsanta, áit ar minic nach ndéanann gairmithe leighis ginmhilleadh, á mheabhrú dóibh a gcreideamh pearsanta. Ní hamháin go séanann sé sin ar mhná a gceart chun sláinte agus chun nósanna imeachta leighis, ach ardaíonn sé ceist na gcóras tarchurtha phoiblí freisin. De réir an Staidéir ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hImpleachtaí Diúltaithe Choinsiasaigh i ndáil le SCGA[42], is minic a cheadaítear do ghairmithe cúraim sláinte sa reachtaíocht náisiúnta diúltú do sholáthar earraí agus seirbhísí a bhfuil siad ina gcoinne ar bhonn morálta, lena n-áirítear ginmhillte a dheanamh nó modhanna frithghiniúnacha a ordú, a dhíol nó comhairle a thabhairt ina leith trí "dhiúltú a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht a mheasann duine aonair nach bhfuil ag luí lena chreidimh reiligiúnacha, mhorálta, fhealsúnacha nó eiticiúla". As seo amach ba cheart aghaidh a thabhairt air sin mar chúram leighis a shéanadh seachas mar dhiúltú coinsiasach mar a thugtar air. Déanann líon mór Ballstát (20+) foráil don cheart chun diúltaithe choinsiasaigh, mar a thugtar air, rud atá aitheanta freisin le hionstraimí na Náisiún Aontaithe agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Go suntasach, ní ceart daingean é sin agus tá sé ráite ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine nár cheart é a úsáid chun bac a chur ar rochtain ar sheirbhísí a bhfuil teidlíocht dhlíthiúil acu chucu. Sa chleachtas, is é sin go díreach an méid a tharlaíonn ar bhonn laethúil ar fud AE — níl rochtain ag mná ar a gceart chun ginmhillte arna dheonú de réir dlí toisc go séanann an fhoireann leighis orthu an cúram leighis sin, agus ní chuireann ospidéil phoiblí córais atreorúcháin i bhfeidhm. Sárú follasach iltoiseach is ea é sin agus diúltú praiticiúil do cheart dlíthiúil atá bainte amach cheana féin a fheidhmiú.

Tá cúram máithreachais atá fianaisebhunaithe agus ar ardchaighdeán ar cheann de na príomhábhair sa tuarascáil seo. D'eisigh EDS moladh maidir le cúram máithreachais measúil, a chiallaíonn cúram arna eagrú agus arna sholáthar do gach bean ar bhealach a choinníonn a

[41] https://www.amnesty.org/en/what-we-do/sexual-and-reproductive-rights/abortion-facts/
[42] https://www.europarl.europa.eu/thinktank/en/document.html?reference=IPOL_STU(2018)604969

ndínit, a bpríobháideacht agus a rúndacht, a áirithíonn saoirse ó dhíobháil agus ó dhrochíde, agus a chumasaíonn rogha eolasach agus tacaíocht leanúnach le linn tinneas clainne agus breith clainne. Fadhb leanúnach is ea mortlaíocht máithreacha, go háirithe i gcás grúpaí mionlaigh agus grúpaí leochaileacha, agus i gcásanna ina dtagann aimhréidheanna chun cinn le linn an tsaothair, tagann méadú ar bhaol na galrachta tromchúisí agus an bháis. Is iad aimhréidheanna a thagann chun cinn le linn tinneas clainne, breith clainne nó an tréimhse díreach tar éis iarthuismidh is cúis le breis agus trian de bhásanna máthar[43]. Léiríonn sé sin ar an bhfíric go bhféadfaí a leithéid de rioscaí a chosc le cúram máithreachais ar ardchaighdeán do chách. Tá sé de cheart ag gach duine rochtain a bheith acu ar sheirbhísí sláinte agus a bheith saor ó íde atá mídhaonna agus táireach. Tagann an dá rud sin faoi raon feidhme teoranta sheirbhísí SCGA. Tá méadú ag teacht ar líon na dtuairiscí atá ag teacht chun cinn ar an bhforéigean a fhulaingíonn mná le linn breith clainne atá saoráidbhunaithe agus le linn gnáthaimh leighis le linn cúram réamhbhreithe, cúram breith clainne agus cúram iarbhreithe, chomh maith le foréigean gínéiceolaíoch agus cnáimhseach a fhulaingítear freisin.

Beidh ionchur leathan sa tuarascáil sin i staid SCGA ar fud an Aontais agus is é an aidhm atá léi tiomantas an Aontais a athdhearbhú maidir le cearta an duine a chosaint, agus tagairt á déanamh don cheart chun sláinte, iomláine choirp agus intinne, comhionannas, neamh-idirdhealú, sláinte agus oideachas. Athdhearbhaíonn sí gur sáruithe ar chearta an duine agus ar an bhforéigean inscnebhunaithe iad sáruithe nó diúltú rochtana ar SCGA agus, dá réir sin, gur dúshláin de chuid na hEorpa iad nach mór aghaidh a thabhairt orthu, agus gan imeacht ó na luachanna agus na prionsabail sin go léir ar a mbunaítear an tAontas Eorpach, mar dhaonlathas, mar chomhionannas agus mar neamhfhoréigean.

[43] https://extranet.who.int/rhl/topics/preconception-pregnancy-childbirth-and-postpartum-care/care-during-childbirth/who-recommendation-respectful-maternity-care-during-labour-and-childbirth

## SEASAMH MIONLAIGH

11.5.2021

á chur isteach, de bhun Airteagal 55(4) de na Rialacha Nós Imeachta,
ag Margarita de la Pisa Carrión agus Jadwiga Wiśniewska

Níl aon fheidhm dhlíthiúil ná fhoirmiúil leis an tuarascáil seo.

Tá níos mó i gceist léi ná aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail sláinte, oideachas gnéasach agus atáirgeadh, chomh maith le ginmhilleadh agus oideachas, ar cumhachtaí reachtacha na mBallstát iad.

Caitear leis an nginmhilleadh mar cheart líomhnaithe an duine nach ann dó sa dlí idirnáisiúnta, rud a sháraíonn UUHR féin agus na príomhchonarthaí ceangailteacha, chomh maith le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus CBAE.

Cuireann sí i gcoinne agóid choinsiasach na ngairmithe cúraim sláinte.

Léiríonn sí go ndearnadh ionramháil idé-eolaíoch ar chearta an duine, go huilíoch agus neamh-iniompartha, mar thoradh ar thionchar idirnáisiúnta a bhaineann an bonn de cheannasacht na náisiún, rud a dhéanann difear dá ndlíthe.

Baineann sé sin an bonn de shaoirse, de chomhionannas agus de dhínit na mban trína nádúr a shárú agus trína bhféiniúlacht a dhealú ó ghnéas bitheolaíoch.

Faoin gclár inscne idé-eolaíoch, cuirtear bean os ár gcomhair atá ar leithlis agus ina híospartach. Scarann sí an tsláinte ón saol agus tugann sí tús áite d’fholláine suibiachtúla, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca di a torthúlacht agus a máithreachas a thréigean.

Leis na 154 leasú a cuireadh síos i gcoinne an téacs, féachadh le dínit na mban a chosaint i bhfíor-urraim don saol agus don dlí nádúrtha mar bhonn agus chun feidhmiú a saoirse agus a gcearta daonna féin a ráthú.

3.03.2021

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT

chuig an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

ar staid na sláinte agus na gceart gnéis agus atáirgthe in AE, faoi chuimsiú shláinte na mban (2020/2215(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Pierrette Herzberger-Fofana

## MOLADH

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

de bhrí go bhfuil an phaindéim agus na bearta dianghlasála ag cur isteach ar an rochtain ar an oideachas agus ar an gcúram sláinte; de bhrí go bhfuil sé níos deacra fós, dá bhrí sin, rochtain a fháil ar fhrithghiniúint agus ar oideachas gnéasachta, rud a fhágann gur lú cosaint atá ag mná agus cailíní ar bhaol an toirchis gan iarraidh agus luaith, chomh maith le ciorrú ball giniúna ban (FGM) agus foréigean baile;

de bhrí gur sheol AE agus na Náisiúin Aontaithe an Tionscnamh Spotsolais chun foréigean i gcoinne ban agus cailíní, lena n-áirítear foréigean gnéasach, a chomhrac, agus de bhrí go bhfuil sé mar aidhm aige, i measc aidhmeanna eile, feabhas a chur ar rochtain ar oideachas gnéasachta agus ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe;

C. de bhrí gur féidir toircheas luath a bheith ina chúis le castachtaí tromchúiseacha agus go bhfuil sé ar cheann de na príomhchúiseanna báis i measc cailíní;

D. de bhrí go bhfuil seirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais (WASH) bunriachtanach don tsláinte ghnéis agus atáirgthe, ach gur rómhinic fós nach mbíonn rochtain orthu, go háirithe i gceantair iargúlta;

E. de bhrí gur seirbhísí cúraim sláinte bunriachtanacha iad seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe (SRHR) ar cheart dóibh a bheith ar fáil do chách agus ar cheart go n-áireofaí orthu, inter alia: oideachas gnéasachta cuimsitheach (CSE) agus faisnéis, comhairleoireacht rúnda agus neamhchlaonta agus seirbhísí le haghaidh sláinte agus folláine gnéis agus atáirgthe; comhairleoireacht agus rochtain ar réimse leathan frithghiniúnach nua-aimseartha; cúram réamhbhreithe, breithe clainne agus iarbhreithe; cnáimhseachas; cúram cnáimhseach agus nuabheirthe; seirbhísí agus cúram ginmhillte shábháilte agus dhlíthiúil, agus cúram iarghinmhillte lena n-áirítear cóireáil chastachtaí an ghinmhillte neamhshábháilte; VEID agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha eile a

chosc agus a chóireáil; seirbhísí atá dírithe ar fhoréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe a bhrath, a chosc agus a chóireáil; cosc, brath agus cóireáil i gcomhair ailsí atáirgthe, go háirithe ailse cheirbheacs; agus cúram torthúlachta agus cóireáil torthúlachta;

1. á chur in iúl gur cúis imní di teacht chun cinn an dioscúrsa antoiscigh atá ina bhagairt ar chaomhnú SRHR laistigh de AE agus lasmuigh de; á athdhearbhú go bhfuil SRHR fréamhaithe i gcearta an duine, gur gnéithe bunúsacha de dhínit an duine iad, go bhfuil siad bunriachtanach do mhná a choinníonn smacht ar a gcolainn féin, agus go bhfuil siad ríthábhachtach i gcónaí chun comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus cumhdach sláinte uilíoch a bhaint amach; á iarraidh ar AE urraim uilíoch do SRHR, agus rochtain uilíoch air, a ráthú, agus a ráthú go ndéanfar Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt, Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, agus doiciméid toraidh na gcomhdhálacha athbhreithnithe a bhaineann leo sin, a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le baint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe uile na Náisiún Aontaithe (SDGanna na Náisiún Aontaithe) a bhaineann leis an tsláinte;

2. ag tabhairt dá haire go bhfuil cumhachtú eacnamaíoch agus sóisialta na mban, lena n-áirítear an rochtain atá acu ar an oideachas, ar an tsláinte agus ar bhfostaíocht, ríthábhachtach le haghaidh forbairt agus fás inbhuanaithe;

3. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfaidh paindéim COVID-19 difear don cheart atá ag gach duine aonair seirbhísí SRHR a fháil, a chinntiú go ndéanfar na seirbhísí sin a dhaingniú trí chórais sláinte poiblí, agus dul i ngleic leis na hiarrachtaí uile ar an bpaindéim a úsáid mar leithscéal chun SRHR a shrianadh tuilleadh;

4. á iarraidh go ndéanfar cleachtais dhíobhálacha amhail FGM agus luathphósadh agus pósadh leanaí éigeantais a dhísciú láithreach; á chur i bhfáth gur sárú ar chearta an duine gurb ea luathphósadh agus pósadh éigeantais leanaí agus gur minic cailíní óga leochaileach i leith an fhoréigin, an idirdhealaithe agus na mí-úsáide mar thoradh air; á chur in iúl gur cúis mhór imní di gur cuireadh iallach ar níos mó ná 200 milliún cailín agus bean ar fud an domhain dul faoi FGM, agus gurb amhlaidh, mar gheall ar phaindéim COVID-19, a mheastar go mbeidh moill ar chláir for-rochtana pobail agus ar oideachas maidir le cleachtais dhíobhálacha ar fud an domhain, agus briseadh sna cláir sin agus san oideachas sin, ina siocair le dhá mhilliún cás breise de FGM agus 13 milliún pósadh leanaí breise sna deich mbliana amach romhainn i gcomparáid leis na meastacháin a rinneadh roimh an bpaindéim;

5. ag meabhrú go n-aithnítear fud fad an domhain go bhfuil FGM ina shárú ar chearta an duine, agus go léirítear i meastacháin go bhfuil 125 milliún íospartach ar fud an domhain agus 500 000 íospartach san Aontas amháin; á iarraidh go gcuirfear feabhas ar an mbailiú sonraí agus ar an gcúnamh don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), d’eagraíochtaí neamhrialtasacha agus d’eagraíochtaí eile atá gníomhach i ndíothú FGM; á iarraidh go mbeidh feachtais chuimsitheacha oideachais agus faisnéise ann maidir le díothú FGM laistigh Aontas agus lasmuigh de;

6. á iarraidh go ndéanfaidh pearsanra atá oilte agus tuisceanach ó thaobh an ilchultúir de rochtain iomlán ar chúram fisiceach agus síceolaíoch a sholáthar; ag tathant ar thíortha uile AE daingniú a dhéanamh ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean

in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac; á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar na sineirgí idir cláir inmheánacha agus cláir sheachtracha AE chun a áirithiú go nglacfar cur chuige comhleanúnach fadtéarmach i leith deireadh a chur le FGM laistigh de AE agus lasmuigh de; ag athdhearbhú, go háirithe, gur iarradh go n-ionchorprófaí bearta coiscthe FGM sna réimsí beartais uile, go háirithe sa tsláinte, sa tearmann, san oideachas, san fhostaíocht agus san idirphlé le tríú tíortha maidir le cearta an duine;

7. ag meabhrú go mbíonn roinnt cailíní atá ina gcónaí in AE i mbaol FGM agus cuairt á tabhairt acu ar a dtír thionscnaimh, go príomha le linn cuairteanna teaghlaigh; á mheas go bhfuil sé tábhachtach go roinnfeadh na Ballstáit go léir, lena n-áirítear riaracháin réigiúnacha agus áitiúla, a ndea-chleachtais maidir le prótacail chun cosc a chur ar FGM a dhéantar ar chailíní a théann chuig tíortha nó réigiúin ina ndéantar FGM a chleachtadh go forleathan; á iarraidh ar na Ballstáit uile nach bhfuil sé déanta fós acu dlí coiriúil sonrach maidir le FGM a achtú chun íospartaigh a chosaint agus an choir sin a ionchúiseamh ar bhealach níos éifeachtaí nuair a dhéantar í lasmuigh dá gcríocha;

8. á iarraidh go mbeidh neamhfhulaingt ar fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear gáinneáil, FGM agus pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, ginmhilleadh éigeantach, ginmhilleadh de réir inscne, dúshaothrú gnéis agus atáirgthe agus sclábhú gnéasach trí chomhéigean reiligiúnach;

9. ag cáineadh aon sáruithe ar SRHR, lena n-áirítear mainneachtain rochtain ar CSE, ar sheirbhísí pleanála teaghlaigh, ar chúram sláinte máthartha, ar sheirbhísí ginmhillte shábháilte agus dhlíthiúil agus ar fhaisnéis chruinn agus oibiachtúil faoi SRHR, a sholáthar agus a ráthú iarbhír; á iarraidh go bhfíorófar Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus SFIanna na Náisiún Aontaithe maidir leis an tsláinte (sprioc 3), maidir leis an oideachas (sprioc 4) agus maidir leis an gcomhionannas inscne agus cumhachtú na mban (sprioc 5);

10. á iarraidh ar AE tacú le hionaid sláinte agus pleanála teaghlaigh i dtíortha comhpháirtíochta d'fhonn faisnéis a mhalartú, d'fhonn geasa a baineann le míostrú, gnéasacht agus tuismeadh a dhísciú, agus d'fhonn fir óga a rannpháirtiú go hiomlán sa chomhrac i gcoinne steiréitíopaí agus geas; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar infhaighteacht modhanna frithghiniúna i dtíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe do chailíní sna déaga atá níos mó i mbaol castachtaí le linn toirchis; á dhearbhú go bhfuil na mná agus na cailíní go léir i dteideal a roghanna saora agus eolasacha féin a dhéanamh maidir lena sláinte ghnéis agus atáirgthe agus maidir lena saol;

11. ag meabhrú gur léiriú tábhachtach ar fhorbairt tíre gurb ea cáilíocht an chúraim sláinte máthartha; á chreidiúint gur cheart go gcabhródh comhar um fhorbairt le tíortha comhpháirtíochta seasamh leis an gceart chun sláinte i gcomhthéacs toirchis agus breith clainne trí bhunú seirbhísí cuibhiúla sláinte máthartha lena ndéantar mortlaíocht naíonán, mar aon le básanna a bhaineann le deacrachtaí le linn breith clainne, a laghdú go héifeachtach;

12. á áitiú go bhfuil cláir CSE tábhachtach toisc go soláthraítear trína mbíthin faisnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise de faoi chaithreachas, faoin timthriall míosta, faoi thoircheas agus faoi bhreith clainne, go háirithe frithghiniúint agus cosc galar gnéas-tarchurtha; á

iarraidh go dtabharfar aghaidh orthu seo a leanas freisin trí chláir CSE: caidrimh idirphearsanta, gnéaschlaonadh, comhionannas inscne, noirm inscne, dinimicí cumhachta éagothroma i gcaidrimh, comhéigean, foréigean, urraim do theorainneacha an duine féin agus do theorainneacha daoine eile, toiliú agus féinmheas; á chur i bhfios go láidir go gcabhraíonn cláir CSE le toircheas luath agus luathphósadh, ar siocair iad le cailíní a bheith ag éirí as an scoil agus a bheith eisiata ó mhargadh an tsaothair, a chosc, agus á chur i bhfáth gur cheart na cláir sin a dhéanamh chomh cuimsitheach agus is féidir; á iarraidh go ndéanfar breis iarrachtaí ar chur ar chumas cailíní atá ina máithreacha filleadh ar an scoil agus a gcuid oideachais a chríochnú; á chur i bhfáth gur gá stiogmatú na gcailíní sin a chomhrac;

13. á iarraidh go n-áiritheofar rannpháirtíocht na gcailíní agus na mban san oideachas, ós rud é gur uirlis bhunriachtanach é sin le haghaidh chumhachtú sóisialta agus eacnamaíoch na mban; á iarraidh go ndéanfar iarrachtaí ar an neamhláithreacht i measc na gcailíní le linn a míostraithe a laghdú, trí fheabhas a chur ar shaoráidí sláinteachais míosta i scoileanna, go háirithe seirbhísí WASH, agus tríd an stiogmatú a chomhrac; á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go mbeidh rochtain ar bhonneagar WASH leormhaith i scoileanna chun sláinte ghnéis agus atáirgthe a áirithiú, bíodh sé sin i ndáil le frithghiniúint, i ndáil le toircheas, i ndáil le breith clainne, i ndáil le ginmhilleadh, i ndáil le galair ghnéas-tarchurtha nó i ndáil le sláinteachas míosta;

14. ag meabhrú go raibh paindéim COVID-19 agus dianghlasáil COVID-19 ina siocair le dúnadh scoileanna, le leithlisiú ban agus cailíní, le líon méadaitheach caidreamh mórmhí-úsáide, le cásanna d'fhoréigean fisiciúil, le toircheas luath agus luathphósadh, agus le teorainneacha ar sheirbhísí tacaíochta agus sláinte; á iarraidh go ndéanfaidh AE, mar chuid dá fhreagairt dhomhanda ar COVID-19, CSE, seirbhísí pleanála teaghlaigh agus cúram sláinte máthartha a chothú mar ghné straitéiseach dá thacaíocht do chórais cúraim sláinte agus córais shóisialta i dtíortha comhpháirtíochta; ag meabhrú ról na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, lena n-áirítear eagraíochtaí a bhaineann le mná, mar sholáthraithe seirbhíse agus mar eagraíochtaí atá i bhfách le SRHR, agus á chur i bhfáth gur cheart don Aontas tacú leo, ar bhonn airgeadais agus ar bhonn polaitiúil araon;

15. á iarraidh go mbainfear leas as acmhainneacht uirlisí cumarsáide amhail raidió, teilifís agus an teileafón, agus as uirlisí digiteacha freisin, lena n-áirítear líonraí sóisialta agus seirbhísí teachtaireachtaí, chun feabhas a chur ar rochtain daoine óga ar an oideachas gnéasachta, agus go háirithe chun feabhas a chur ar a bhfeasacht ar ghalair ghnéas-tarchurtha agus ar na rioscaí a bhaineann le toircheas luath; á mheas go gcaithfear, chun an méid sin a bhaint amach, aghaidh a thabhairt ar neamh-chomhionannas inscne sa rochtain ar sheirbhísí digiteacha, mar aon leis an gcibearbhulaíocht agus leis an bhforéigean in aghaidh ban agus cailíní ar an idirlíon;

16. á mheabhrú go bhfuil cúram ginmhillte shábháilte agus dhlíthiúil fréamhaithe i sláinte agus cearta na mban agus na gcailíní ar déagóirí iad; ag tabhairt rabhaidh faoin bhfrithradadh, ar údar imní é, i gcoinne chearta na mban i ndáil lena gcolainn féin i dtíortha atá i mbéal forbartha agus in AE; á mheabhrú gurb amhlaidh, de réir sonraí a thuairiscigh EDS, go raibh tuairim is 45 % de na ginmhilltí uile a rinneadh ar fud an domhain idir 2010 agus 2014 ina nginmhilltí neamhshábháilte, gur tharla beagnach gach ceann acu i dtíortha atá i mbéal forbartha, go dtógtar isteach tuairim is seacht milliún bean san ospidéal gach bliain i dtíortha atá i mbéal forbartha mar thoradh ar ghinmhilleadh neamhshábháilte, agus go bhféadfaí beagnach gach bás agus míchumas a

bhaineann le ginmhilleadh a chosc trí oideachas gnéasachta, trí úsáid frithghiniúna éifeachtaí, trí sholáthar ginmhillte shábháilte agus dhlíthiúil, agus trí chúram tráthúil i gcás castachtaí; á iarraidh go mbainfear bacainní ar an rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte, amhail dlíthe sriantacha, droch-infhaighteacht seirbhísí, costais arda agus stiogma; á mheabhrú go gcaithfidh gach tír ar a ndearnadh anailís faoi Atlas Contraception 2019 níos mó a dhéanamh chun feabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis agus ar sholáthairtí frithghiniúnacha ionas go mbeidh rogha ag daoine maidir lena saol atáirgthe; á chur i bhfáth gur gá Prótacal Maputo, go háirithe Airteagal 14 de, agus Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising a chur chun feidhme go hiomlán;

17. á iarraidh go ndéanfar, le Plean Gníomhaíochta Inscne III AE (GAP III), níos mó béime a leagan ar a réimse beartais théamaigh SRHR i bhfianaise thionchar ábhalmhór phaindéim COVID-19 ar mhná agus ar chailíní i dtíortha atá i mbéal forbartha; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé cur chun cinn an chirt atá ag gach duine aonair smacht iomlán a bheith aige ar nithe a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, agus cinntí saora agus freagracha a dhéanamh ina leith, a neartú;

18. á iarraidh ar na Ballstáit a ghealladh go ndéanfaidh siad cuspóirí GAP III a chomhlíonadh, go háirithe maidir le SRHR, i gconclúidí ón gComhairle uathu; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit ‘pleananna cur chun feidhme ar leibhéal na dtíortha’ a ullmhú ina dtabharfar tosaíocht do SRHR, ina ndéanfar táscairí intomhaiste a chur i bhfeidhm agus ina n-áireofar sásraí faireacháin; á iarraidh ar thoscaireachtaí AE tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí maidir le SRHR agus GAP III á chur chun feidhme acu;

19. ag tabhairt dá haire gur féidir ról lárnach a bheith ag riaracháin réigiúnacha agus áitiúla, mar na riaracháin is giorra do chónaitheoirí agus don tsochaí shibhialta, i ndáil lena áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár le linn chur chun feidhme bheartas téamach SRHR de GAP III; á chreidiúint, chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár, gur cheart go n-áiritheofaí le réimse beartais théamaigh SRHR de GAP III nach ndéanfar idirdhealú ar aon bhean ná aon chailín toisc gur d’aicme shóisialta, eitneacht, reiligiún, cine nó grúpa míchumais ar leith, nó mar gheall ar a gnéaschlaonadh;

20. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit cistiú leormhaith agus dea-spriocdhírithe do SRHR a ráthú ina mbeartas maidir leis an gcomhar um fhorbairt agus ina n-ionstraimí gníomhaíochta seachtraí, amhail an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar na Ballstáit, ina leith sin, féachaint ar SRHR mar thosaíocht i bpróiseas clársceidealaithe AE, lena n-áirítear sa chlársceidealú comhpháirteach;

21. á chur i bhfáth gur den riachtanas é a áirithiú go mbeidh baint ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, atá rannpháirteach go díreach i gcosaint SRHR i dtíortha atá i mbéal forbartha, leis an mbeartas maidir le comhar um fhorbairt; á iarraidh go ndéanfar gné maidir leis an gcomhionannas inscne a áireamh i bhfreagairt cabhrach daonnúla AE agus na mBallstát, mar aon le gné maidir le SRHR, toisc go bhfuil rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe ina bunriachtanas do dhaoine i dtimpeallachtaí daonnúla;

22. á chreidiúint gur gá do AE comhtháthú sheirbhísí SRHR i straitéisí agus beartais sláinte poiblí náisiúnta tíortha comhpháirtíochta a éascú; ag meabhrú, agus é ina ábhar imní di,

gur i measc déagóirí, daoine neamhphósta, daoine LADTIA, daoine faoi mhíchumas, daoine ar de mhionlaigh agus de ghrúpaí eitneacha mionlaigh iad, agus daoine bochta i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha atá na riachtanais is mó nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu ó thaobh seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe de; á chur i bhfáth gur cheart seirbhísí SRHR a bheith freagrach ó thaobh inscne de, bunaithe ar chearta, fabhrach don óige agus ar fáil do chách, gan beann ar aois, ar ghnéas, ar fhéiniúlacht inscne, ar ghnéaschlaonadh, ar chine, ar aicme shóisialta, ar reiligiún, ar stádas pósta, ar acmhainní eacnamaíocha, ar bhunadh náisiúnta nó sóisialta nó ar mhíchumais, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna daonnúla le linn coinbhleachtaí agus tubaistí;

23. á chur i bhfios gur dóchúla, san Afraic fho-Shahárach, SEIF a bheith ar mhná, rud a fhágann iad a bheith níos leochailí fós i leith na hailse ceirbheacsaí; á chur i bhfáth gur gá gné inscne a áireamh i mbeartais sláinte poiblí agus i bhfeachtais múscailte feasachta, chun aird chuí a thabhairt ar ghalair a dhéanann difear go háirithe do mhná agus do chailíní;

24. á iarraidh ar na Ballstáit cur i gcoinne an idirdhealaithe i seirbhísí SRHR agus leas a bhaint as cur chuige trasnach chun a chinntiú go mbeidh rochtain chothrom ar sheirbhísí agus cearta SRHR ag mná agus cailíní (mná agus cailíní trasinscneacha agus cisinscneacha araon), daoine neamh-dhénártha, agus mná leispiacha, déghnéasacha agus idirghnéasacha;

25. á iarraidh ar na Ballstáit oibriú i dtreo teiripe tiontaithe, mar a thugtar uirthi, a thoirmeasc ar fud an Aontais agus ar fud an domhain, óir cleachtas díobhálach atá ann atá ina shárú ar chearta bunúsacha ban agus cailíní LADTIA;

26. á chur i bhfios go bhfuil mná agus cailíní go mór i mbaol an éignithe agus an fhoréigin ghnéasaigh i limistéir atá buailte ag géarchéim, lena n-áirítear i gcomhthéacs coinbhleachtaí, tubaistí nádúrtha agus iarmhairtí an athraithe aeráide; á iarraidh ar AE dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne úsáid an éignithe mar arm cogaidh agus a ráthú go mbeidh rochtain ag íospartaigh an éignithe ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe;

27. á iarraidh arís ar an dá chomhpháirtí den chomhaontú idir AE agus Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS), agus ar an dá chomhpháirtí den Straitéis idir AE agus an Afraic agus ar an dá chomhpháirtí den Chomhpháirtíocht Straitéiseach idir AE agus Meiriceá Laidineach gealltanas a thabhairt SRHR atá saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt agus toradh a comhdhálacha athbhreithnithe a chur chun feidhme go hiomlán; á iarraidh ar an gCoimisiún SRHR a chur san áireamh agus clásail um chearta an duine i gcomhaontuithe trádála á gcaibidliú agus á bhforfheidhmiú aige;

28. á mheabhrú gur rómhinic a bhíonn iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe ina n-íospartaigh gáinneála ar dhaoine, foréigin ghnéasaigh agus striapachais éigeantais; á chur i bhfios go bhfuil níos mó fadhbanna ag iarrthóirí tearmainn agus ag dídeanaithe maidir le rochtain a fháil ar chúram máthartha, ar mhodhanna frithghiniúnacha, ar ghinmhilleadh sábháilte agus ar sheirbhísí sábháilte chun galair ghnéas-tarchurtha a chosc; á áitiú go bhfuil rochtain ar SRHR do na pobail sin ríthábhachtach chun go mairfidh siad;

29. á iarraidh go mbeidh sé de chumhacht ag mná leas iomlán a bhaint as a gcearta daonna

agus dlíthiúla, lena n-áirítear rochtain ar stádas dlíthiúil, mar shampla trí chlárú breithe, cearta oidhreachta maoine do mhná agus do chailíní, agus rochtain ar thalamh, ar chaipiteal agus ar mhicreamhaoiniú; á chur i bhfáth gur féidir tionchar dearfach a bheith ag an gcumhachtú eacnamaíoch sin ar a gcumas a gcearta a fheidhmiú go hiomlán i ngach réimse.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 25.2.2021 |
| **Dáta na vótála críochnaithí** | +: 20<br>–: 4<br>0: 1 |
| **Na Feisirí a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Dominique Bilde, Catherine Chabaud, Antoni Comín i Oliveres, Ryszard Czarnecki, Charles Goerens, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Pierfrancesco Majorino, Erik Marquardt, Norbert Neuser, Janina Ochojska, Jan-Christoph Oetjen, Michèle Rivasi, Christian Sagartz, Marc Tarabella, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo, Chrysoula Zacharopoulou, Bernhard Zimniok |
| **Na Feisirí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Evin Incir |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 20 | + |
|---|---|
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Janina Ochojska, Christian Sagartz, Tomas Tobé |
| S&D | Mónica Silvana González, Evin Incir, Pierfrancesco Majorino, Norbert Neuser, Marc Tarabella |
| RENEW | Catherine Chabaud, Charles Goerens, Jan-Christoph Oetjen, Chrysoula Zacharopoulou |
| ID | Dominique Bilde |
| VERTS/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt, Michèle Rivasi |
| THE LEFT | Miguel Urbán Crespo |
| NI | Antoni Comín i Oliveres |

| 4 | - |
|---|---|
| PPE | György Hölvényi |
| ID | Bernhard Zimniok |
| ECR | Ryszard Czarnecki, Beata Kempa |

| 1 | 0 |
|---|---|
| PPE | Rasa Juknevičienė |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 11.5.2021 |
| **Dáta na vótála críochnaithí** | +: 27<br>–: 6<br>0: 1 |
| **Na Feisirí a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Isabella Adinolfi, Simona Baldassarre, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Annika Bruna, Margarita de la Pisa Carrión, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Cindy Franssen, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Karen Melchior, Andżelika Anna Możdżanowska, Sandra Pereira, Pina Picierno, Sirpa Pietikäinen, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, Eugenia Rodríguez Palop, María Soraya Rodríguez Ramos, Christine Schneider, Sylwia Spurek, Jessica Stegrud, Isabella Tovaglieri, Ernest Urtasun, Hilde Vautmans, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Chrysoula Zacharopoulou, Marco Zullo |
| **Na Feisirí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Maria da Graça Carvalho, Predrag Fred Matić, Kira Marie Peter-Hansen |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH

| 27 | + |
|---|---|
| PPE | Isabella Adinolfi, Maria da Graça Carvalho, Frances Fitzgerald, Cindy Franssen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Sirpa Pietikäinen, Christine Schneider, Elissavet Vozemberg-Vrionidi |
| RENEW | Karen Melchior, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans, Chrysoula Zacharopoulou, Marco Zullo |
| S&D | Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Predrag Fred Matić, Pina Picierno, Evelyn Regner |
| VERTS/ALE | Kira Marie Peter-Hansen, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek, Ernest Urtasun |
| THE LEFT | Sandra Pereira, Eugenia Rodríguez Palop |

| 6 | - |
|---|---|
| PPE | Rosa Estaràs Ferragut |
| ID | Simona Baldassarre, Annika Bruna, Isabella Tovaglieri |
| ECR | Andżelika Anna Możdżanowska, Margarita de la Pisa Carrión |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Jessica Stegrud |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh